ISSN 1977-0839

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

**Eagrán Speisialta ***
**23 Samhain 2011**

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro** ...... 1

★ **Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú** ...... 8

★ **Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú** 12

★ **Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú** ...... 25

**Praghas: EUR 3**

GA

* Faoin tagairt L 306 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) Uimh. 1173/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Samhain 2011

## maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136, i gcomhar le hAirteagal 121(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is chun leas, go háirithe, Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, beartais eacnamaíocha a sheoladh lena gcuirtear oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta chun cinn agus is chun a leasa freisin beartais lena gcuirfí an t-oibriú sin i mbaol a sheachaint agus is cúram de chuid na mBallstát sin an dá ní sin a dhéanamh.

(2) Ceadaítear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bearta sonracha a ghlacadh sa limistéar euro, ar bearta iad a théann thar na forálacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile, chun oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a áirithiú.

(3) Leis an taithí a fuarthas agus leis na botúin a rinneadh le linn na chéad deich mbliana den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, léirítear go bhfuil gá le rialachas eacnamaíoch feabhsaithe san Aontas, ar rialachas é ar cheart dó a bheith bunaithe ar thiomantas níos treise do na rialacha agus do na beartais a aontaíodh i gcomhpháirt agus ar chreat níos urrúnta ar leibhéal an Aontais don fhaireachas ar bheartais náisiúnta eacnamaíocha.

(4) Ba cheart go mbeadh an creat um rialachas eacnamaíoch feabhsaithe bunaithe ar roinnt beartas d'fhás inbhuanaithe agus do phoist, ar beartais iad a bheadh idirnasctha agus comhleanúnach, go háirithe straitéis Aontais d'fhás agus do phoist, lena mbeadh béim ar leith, go háirithe, ar an margadh inmheánach a fhorbairt agus a neartú, an trádáil idirnáisiúnta agus an t-iomaíochas a chothú, Seimeastar Eorpach le haghaidh comhordú neartaithe ar bheartas eacnamaíocha agus buiséadacha, creat éifeachtach chun easnaimh iomarcacha rialtais a chosc agus a cheartú (An Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF)), creat urrúnta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, ceanglais íosta i leith creat buiséadach náisiúnta, agus rialáil fheabhsaithe agus maoirseacht fheabhsaithe ar na margaí airgeadais, lena n-áirítear maoirseacht macrastuamachta ag mBord Eorpach um Riosca Sistéamach.

(5) Ba cheart go gcomhlánfaí le CCF agus leis an gcreat iomlán um rialachas eacnamaíoch straitéis an Aontais d'fhás agus do phoist agus go mbeadh siad ag luí leí. Níor cheart go bhforálfaí do dhíolúintí ó fhorálacha CCF leis na hidirnaisc idir na snáitheanna éagsúla.

(6) Ba cheart a mheas gur eilimint d'oibriú cuí agus rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta é margadh inmheánach dinimiciúil a ghnóthú agus a choimeád ar bun.

(7) Ba cheart go mbeadh ról níos láidre ag an gCoimisiún sa nós imeachta faireachais feabhsaithe maidir le measúnuithe is sonrach do gach Ballstát ar leith, faireachán, misin ar an láthair, moltaí agus foláirimh. Le linn di cinntí a dhéanamh maidir le smachtbhannaí, ba cheart go mbeadh ról na Comhairle teoranta agus ba cheart úsáid a bhaint as vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe.

([1]) IO C 150, 20.5.2011, lch. 1.
([2]) IO C 218, 23.7.2011, lch. 46.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2011.

(8) Chun idirphlé buan a áirithiú leis na Ballstáit, ar idirphlé é a mbeidh sé d'aidhm aige cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú, ba cheart don Choimisiún misin faireachais a chur i gcrích.

(9) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht leathan a dhéanamh ar an gcóras um rialachas eacnamaíoch go tráthrialta, go háirithe maidir le héifeachtacht agus leordhóthanacht a smachtbhannaí. Ba cheart go gcomhlánófaí meastóireachtaí den sórt sin le tograí ábhartha más gá.

(10) Le linn dó an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún staid eacnamaíoch reatha na mBallstát lena mbaineann a chur san áireamh.

(11) Ba cheart go n-áireofaí le neartú rialachais eacnamaíoch rannpháirtíocht ní ba dhlúithe agus ní ba thráthúla a bheith ag Parlaimint na hEorpa agus ag na parlaimintí náisiúnta.

(12) Féadfar idirphlé eacnamaíoch a bhunú le Parlaimint na hEorpa, lena gcumasófaí don Choimisiún a chuid anailísí a phoibliú agus lena gcumasófaí d'Uachtarán na Comhairle, don Choimisiún agus i gcás inarb iomchuí, d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó d'Uachtarán an Ghrúpa Euro plé a dhéanamh. Le díospóireacht phoiblí den sórt sin, d'fhéadfaí a chumasú go ndéanfaí plé ar eifeachtaí iarmharta cinntí náisiúnta agus d'fhéadfaí a chumasú go ndéanfaí piarbhrú poiblí a imirt ar na páirtithe ábhartha. Agus é á aithint aige gurb iad institiúidí ábhartha an Aontais agus a n-ionadaithe contraph© áirtithe Pharlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an idirphlé seo, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint do Bhallstát is ábhar do mholadh ón gComhairle de bhun Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo páirt a ghlacadh i malartú tuairimí. Is faoin mBallstát féin é a chinneadh an nglacfaidh sé páirt i malartú tuairimí den sórt sin nó nach nglacfaidh.

(13) Tá gá le smachtbhannaí breise chun forfheidhmiú faireachais bhuiséadaigh sa limistéar euro a dhéanamh níos éifeachtaí. Ba cheart go ndéanfaí leis na smachtbhannaí sin inchreidteacht chreat faireachais fhioscaigh an Aontais a fheabhsú.

(14) Leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart sásraí atá cóir, tráthúil, céimnithe agus éifeachtach a áirithiú ionas go gcomhlíonfaí na codanna coisctheacha agus ceartaitheacha de CCF, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus comhordú beartas eacnamaíoch, a neartú [1] agus Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, i gcás ina scrúdaítear comhlíonadh an smachta bhuiséadaigh ar bhonn critéar maidir leis an easnamh rialtais agus ar bhonn critéar maidir le fiachas rialtais [2].

(15) Leis na smachtbhannaí faoin Rialachán seo is smachtbhannaí atá bunaithe ar an gcuid choisctheach de CCF i leith Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ba cheart go ndéanfaí dreasachtaí a sholáthar chun coigeartú don chuspóir buiséadach meántéarmach agus chun an cuspóir sin a choimeád ar bun.

(16) Chun go ndíspreagfaí mífhaisnéis a thabhairt, cibé a thugtar an mhífhaisnéis d'aonghnó nó mar gheall ar mhórfhaillí, maidir le sonraí easnaimh rialtais agus sonraí fiachais rialtais, ar sonraí iad is ionchur sár-riachtanach do chomhordú beartais eacnamaíoch san Aontas, ba cheart fíneálacha a ghearradh ar Bhallstáit atá freagrach as.

(17) Chun forlíonadh a dhéanamh ar na rialacha lena ríomhtar fíneálacha mar gheall ar mhí-ionramháil staidrimh, mar aon leis na rialacha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint ag an gCoimisiún chun gníomhaíochtaí den sórt sin a imscrúdú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le critéir mhionsonraithe chun méid na fíneála a bhunú agus chun imscrúduithe an Choimisiúin a dhéanamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéantar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(18) I ndáil leis an gcuid choisctheach de CCF, ba cheart an coigeartú don chuspóir buiséadach meántéarmach a áirithiú, agus ba cheart a áirithiú freisin go gcloítear leis an gcuspóir sin, trí oibleagáid a fhorchur ar Bhallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige agus nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh aige maidir le comhdhlúthú buiséadach chun taisce úsmhar a thaisceadh ar bhonn sealadach. Ba cheart déanamh amhlaidh i gcás ina n-imíonn Ballstát go suntasach ón gcuspóir buiséadach meántéarmach nó ó chonair iomchuí an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin, lena n-áirítear Ballstát ar lú a easnamh ná 3 % de luach tagartha na hOlltáirgeachta Intíre (OTI), agus ina mainníonn sé an diall a cheartú.

(19) A luaithe is atá an Chomhairle sásta go bhfuil deireadh tagtha leis an staid as a d'eascair an oibleagáid ar dá bharr a taisceadh an taisce sin, ba cheart an taisce úsmhar a forchuireadh a scaoileadh, in éineacht leis an ús a fabhraíodh ina leith, leis an mBallstát lena mbaineann.

(20) Maidir leis an gcuid cheartaitheach de CCF, ba cheart, i gcás smachtbhannaí i leith Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, gurb é a bheadh i gceist leis na smachtbhannaí sin oibleagáid taisce neamhúsmhar, a bheadh nasctha le cinneadh ón gComhairle lena suitear go bhfuil easnamh iomarcach ann, a thaisceadh, más rud é go bhfuil taisce úsmhar forchurtha cheana féin ar an mBallstát lena mbaineann faoin gcuid choisctheach de CCF nó i gcásanna neamhchomhlíonadh fíor-thromchúiseacha i leith na n-oibleagáidí beartais buiséadach atá

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 209, 2.8.1997, lch. 6.

leagtha síos i gCCF, nó go mbeadh oibleagáid ann fíneáil a íoc i gcás neamhchomhlíonadh molta ón gComhairle go ndéanfaí easnamh rialtais iomarcach a cheartú.

(21) Chun cur i bhfeidhm cúlghabhálach na smachtbhannaí faoin gcuid choisctheach de CCF dá bhforáiltear sa Rialachán seo a sheachaint, níor cheart go mbeadh feidhm acu ach amháin maidir leis na cinntí ábhartha arna nglacadh ag an gComhairle faoi Rialachán (CE) Uimh 1466/97 agus ar cinntí iad arna nglacadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ar an gcuma chéanna, chun cur i bhfeidhm cúlghabhálach na smachtbhannaí faoin gcuid cheartaitheach de CCF dá bhforáiltear sa Rialachán seoa sheachaint, níor cheart go mbeadh feidhm acu ach amháin maidir leis na moltaí ábhartha agus leis na cinntí ábhartha chun easnamh rialtais iomarcach a cheartú, ar moltaí agus cinntí iad arna nglacadh ag an gComhairle tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(22) Ba cheart méid na dtaiscí úsmhara, méid na dtaiscí neamhúsmhara agus méid na bhfíneálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a leagan síos ar shlí ar dá réir a bhféadfaí céimniú cóir smachtbhannaí a áirithiú i gcodanna coisctheacha agus ceartaitheacha CCF agus ar dá réir a bhféadfaí dreasachtaí leordhóthanacha a sholáthar do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu creat fioscach an Aontais a chomhlíonadh. Is éard a bheidh sna fíneálacha faoi Airteagal 126(11) CFAE agus mar atá sonraithe in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, comhpáirt sheasta arb ionann í agus 0,2 % d'OTI agus comhpháirt athraitheach. Sa chaoi sin, áirithítear céimniú agus cóir chomhionann idir Bhallstáit más ionann an taisce úsmhar, an taisce neamhúsmhar agus an fhíneáil a shonraítear sa Rialachán seo agus 0,2 % den OTI, arb éard é méid chomhpháirt sheasta na fíneála arb ann dó faoi Airteagal 126(11) CFAE.

(23) Ba cheart go dtabharfaí féidearthacht don Chomhairle na smachtbhannaí arna bhforchur ar Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a laghdú nó a chur ar ceal ar bhonn molta ón gCoimisiún tar éis iarraidh réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann. Sa chuid cheartaitheach de CCF, ba cheart freisin go bhféadfadh an Coimisiún a mholadh méid an smachtbhanna a laghdú nó go gcuirfí ar ceal é ar fhorais imthosca eacnamaíocha eisceachtúla.

(24) Ba cheart an taisce neamhúsmhar a scaoileadh nuair a cheartaítear an t-easnamh iomarcach agus ba cheart an t-ús ar taiscí den sórt sin agus na fíneálacha a bailíodh a shannadh do shásraí cobhsaíochta chun cúnamh airgeadais a sholáthar, ar sásraí iad arna gcruthú ag na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú.

(25) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle cinntí aonair a ghlacadh chun na smachtbhannaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Mar chuid de chomhordú ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát arna seoladh laistigh den Chomhairle, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 121(1) CFAE, tá na cinntí aonair sin ina ndlúthchuid den obair leantach ar na bearta a ghlac an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE agus le hAirteagal 126 CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 agus le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

(26) Ós rud é go bhfuil rialacha ginearálta sa Rialachán seo maidir le forfheidhmiú éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 agus Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, ba cheart é a ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach dá dtagraítear in Airteagal 121(6) CFAE.

(27) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon córas smachtbhannaí a chruthú, chun forfheidhmiú na gcodanna coisctheacha agus na gcodanna ceartaitheacha den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis sa limistéar euro a neartú a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar amach leis an Rialachán seo córas smachtbhannaí chun forfheidhmiú na gcodanna coisctheacha agus na gcodanna ceartaitheacha den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis sa limistéar euro a neartú.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "an chuid choisctheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis" an córas faireachais iltaobhaigh mar atá eagraithe le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97;

(2) ciallaíonn "an chuid cheartaitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis" an nós imeachta chun easnaimh Ballstáit iomarcacha a sheachaint mar a rialáiltear í le hAirteagal 126 CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97;

(3) ciallaíonn "imthosca eacnamaíocha eisceachtúla" imthosca ina meastar go bhfuil farasbarr i leith easnaimh rialtais, ar farasbarr é atá thar an luach tagartha, eisceachtúil de réir bhrí an dara fleasc de phointe (a) d'Airteagal 126(2) CFAE agus faoi mar atá sonraithe i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

CAIBIDIL II

## AN tIDIRPHLÉ EACNAMAÍOCH

*Airteagal 3*

### An tIdirphlé eacnamaíoch

Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó Uachtarán an Ghrúpa euro láithriú os comhair an choiste chun cinntí a rinneadh de bhun Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo a phlé.

Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint don Bhallstát a mbaineann cinntí den sórt sin leis, páirt a ghlacadh i malartú tuairimí.

CAIBIDIL III

## SMACHTBHANNAÍ SA CHUID CHOISCTHEACH DEN CHOMHSHOCRÚ COBHSAÍOCHTA AGUS FÁIS

*Airteagal 4*

### Taiscí úsmhara

1. Má ghlacann an Chomhairle cinneadh lena suitear gur mhainnigh Ballstát gníomhú mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh 1466/97, déanfaidh an Coimisiún moladh don Chomhairle, laistigh de 20 lá ón tráth a glacadh an cinneadh ón gComhairle, go ndéanfadh an Chomhairle, le cinneadh dá éis sin, a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann taisce úsmhar arb ionann é agus 0,2 % dá OTI sa bhliain roimhe sin a thaisceadh leis an gCoimisiún.

2. Measfar an cinneadh lena gceanglaítear taisceadh a dhéanamh a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneann sí, trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a dhiúltú laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a leasú, agus an téacs arna leasú amhlaidh a ghlacadh mar chinneadh ón gComhairle.

4. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis iarraidh réasúnaithe arna díriú ag an mBallstát lena mbaineann chuig an gCoimisiún laistigh de 10 lá ón tráth a glacadh an cinneadh ón gComhairle lena suitear gur mhainnigh Ballstát gníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, a mholadh don Chomhairle méid na taisce úsmhaire a laghdú nó an taisce úsmhar a chur ar ceal.

5. Beidh an taisce úsmhar faoi réir ráta úis lena léireofar riosca creidmheasa an Choimisiúin agus an tréimhse ábhartha infheistíochta.

6. Mura bhfuil an staid is cúis leis an moladh ón gComhairle, is moladh maidir le mainneachtain, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ann a thuilleadh, cinnfidh an Chomhairle, ar bhonn mholadh dá éis sin ón gCoimisiún, go ndéanfar an taisce agus an t-ús a fabhraíodh uirthi a thabhairt ar ais don Bhallstát lena mbaineann. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an moladh dá éis sin ón gCoimisiún a leasú.

CAIBIDIL IV

## SMACHTBHANNAÍ SA CHUID CHEARTAITHEACH DEN CHOMHSHOCRÚ COBHSAÍOCHTA AGUS FÁIS

*Airteagal 5*

### Taiscí neamhúsmhara

1. Má chinneann an Chomhairle, ag gníomhú di faoi Airteagal 126(6) CFAE, go bhfuil easnamh iomarcach ann i mBallstát, ar Ballstát é a rinne taisce úsmhar a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Rialachán seo, nó i gcás ina bhfuil an Coimisiún tar éis neamhchomhlíonadh fíor-thromchúiseach a aithint i ndáil leis na hoibleagáidí um beartas buiséadach, ar oibleagáidí iad a leagtar síos in CCF, molfaidh an Coimisiún, laistigh de 20 lá ón tráth a glacadh an cinneadh ón gComhairle go ndéanfadh an Chomhairle, trí chinneadh dá éis sin, a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann, taisce neamhúsmhar arb ionann é agus 0,2 % dá OTI sa bhliain roimhe sin a thaisceadh leis an gCoimisiún.

2. Measfar an cinneadh lena gceanglaítear taisceadh a dhéanamh a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneann sí, trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a dhiúltú laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a leasú, agus an téacs arna leasú amhlaidh a ghlacadh mar chinneadh ón gComhairle.

4. Féadfaidh an Coimisiún, ar fhorais imthosca eacnamaíocha eisceachtúla nó tar éis iarraidh réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann arna dhíriú chuig an gCoimisiún laistigh de 10 lá ón tráth a glacadh an cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(6) CFAE dá dtagraítear i mír 1, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle méid na taisce neamhúsmhaire a laghdú nó an taisce neamhúsmhar a chur ar ceal.

5. Déanfar an taisce a thaisceadh leis an gCoimisiún. Má tá an Ballstát tar éis taisce úsmhar a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 4, déanfar an taisce úsmhar sin a thiontú ina taisce neamhúsmhar.

Más rud é gur mó méid taisce úsmhaire a taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus an úis a fabhraíodh uirthi ná méid na taisce neamhúsmhaire a bheidh le taisceadh faoi mhír 1 den Airteagal seo, tabharfar an farasbarr ar ais don Bhallstát.

Más rud é gur mó méid na taisce neamhúsmhaire ná méid taisce úsmhaire a taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 4 mar aon leis an ús a fabhraíodh uirthi, íocfaidh an Ballstát an ghannchion nuair a thaisceann sé an taisce neamhúsmhar.

*Airteagal 6*

**Fíneálacha**

1. Más rud é go gcinneann an Chomhairle, ag gníomhú di faoi Airteagal 126(8) CFAE, nach ndearna Ballstát aon ghníomhaíocht éifeachtach chun an t-easnamh iomarcach atá aige a cheartú, molfaidh an Coimisiún, laistigh de 20 lá ón tráth a glacadh an cinneadh sin, go ndéanfadh an Chomhairle fíneáil a fhorchur, le cinneadh dá eis sin, arb ionann í agus 0,2 % d'OTI an Bhallstáit sa bhliain roimhe sin.

2. Measfar an cinneadh lena ndéantar fíneáil a fhorchur a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneann sí, trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a dhiúltú laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a leasú, agus an téacs arna leasú amhlaidh a ghlacadh mar chinneadh ón gComhairle.

4. Féadfaidh an Coimisiún, ar fhorais imthosca eacnamaíocha eisceachtúla nó tar éis iarraidh réasúnaithe arna dhéanamh ag an mBallstát lena mbaineann, ar iarraidh í arna díriú ar an gCoimisiún laistigh de 10 lá ón tráth a glacadh an cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(8) CFAE dá dtagraítear i mír 1, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle méid na fíneála a laghdú nó an fhíneáil a chur ar ceal.

5. I gcás ina ndearna an Ballstát taisce neamhúsmhar a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 5, déanfar an taisce neamhúsmhar a thiontú san fhíneáil.

Más rud é gur mó méid taisce neamhúsmhaire is taisce a rinneadh a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 5 ná méid na fíneála, tabharfar an farasbarr ar ais don Bhallstát.

Más rud é gur mó méid na fíneála ná méid taisce neamhúsmhaire a taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 5, nó más rud é nár taisceadh aon taisce neamhúsmhar, íocfaidh an Ballstát an ghannchion nuair a íocann sé an fhíneáil.

*Airteagal 7*

**Na taiscí neamhúsmhara a thabhairt ar ais**

Má chinneann an Chomhairle, ag gníomhú di faoi Airteagal 126(12) CFAE, roinnt dá cinntí nó a cinntí uile a aisghairm, déanfar aon taisce neamhúsmhar arna taisceadh leis an gCoimisiún a thabhairt ar ais don Bhallstát lena mbaineann.

CAIBIDIL V

**SMACHTBHANNAÍ A BHAINEANN LE MÍ-IONRAMHÁIL STAIDRIMH**

*Airteagal 8*

**Smachtbhannaí a bhaineann le mí-ionramháil staidrimh**

1. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, fíneáil a fhorchur ar Bhallstát a thugann mífhaisnéis, cibé a dhéantar sin d'aonturas nó trí mhórfhaillí, i leith sonraí i ndáil le heasnamh agus le fiachas, ar sonraí iad atá ábhartha maidir le hAirteagal 121 CFAE nó le hAirteagal 126 CFAE a chur i bhfeidhm nó maidir leis an bPrótacal um easnamh iomarcach atá i gceangal le CAE agus le CFAE a chur i bhfeidhm.

2. Beidh na fíneálacha dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach i dtaca le cineál, tromchúis agus le tréimhse tugtha na mífhaisnéise. Ní rachaidh méid na fíneála thar 0,2 % d'OTI an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Féadfaidh an Coimisiún na himscrúduithe go léir is gá a sheoladh chun a shuí an ann don mhífhaisnéis dá dtagraítear i mír 1. Féadfaidh sé a chinneadh imscrúdú a thionscnamh má fhaigheann sé go bhfuil gach cosúlacht ann i dtaobh fíricí a bheith ann a d'fhéadfadh bheith ina mífhaisnéis den sórt sin. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an mífhaisnéis arna toimhdean agus aon tráchtaí a thíolaic an Ballstát lena mbaineann á gcur san áireamh. Chun a chuid cúraimí a chur i gcrích, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an mBallstát faisnéis a sholáthar agus féadfaidh sé cigireachtaí ar an láthair a sheoladh agus rochtain a fháil ar chuntais eintitis uile rialtais ar an leibhéal lárnach, ar leibhéal an stáit, ar an leibhéal áitiúil agus ar léibhéal na slándála sóisialta. Má cheanglaítear le dlí an Bhallstáit lena mbaineann údarú breithiúnach roimh ré i gcomhair cigireachtaí ar an láthair, déanfaidh an Coimisiún na hiarratais is gá.

Ar chríochnú a imscrúdaithe, agus sula ndéanfaidh sé aon togra a thíolacadh don Comhairle, tabharfaidh an Coimisiún an deis don Bhallstát lena mbaineann éisteacht a fháil i ndáil leis na hábhair atá faoi imscrúdú. Is ar na fíricí sin amháin a raibh an deis ag an mBallstát lena mbaineann trácht a dhéanamh ina leith a bheidh an togra chuig an gComhairle bunaithe.

Déanfaidh an Coimisiún cearta cosanta an Bhallstáit lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn na n-imscrúduithe.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na critéir mhionsonraithe lena mbunaítear méid na fíneála dá dtagraítear i mír 1;

(b) na rialacha mionsonraithe a bhaineann leis na nósanna imeachta le haghaidh na n-imscrúduithe dá dtagraítear i mír 3, leis na bearta gaolmhara agus le tuarascáil a dhéanamh ar na himscrúduithe;

(c) rialacha nós imeachta mionsonraithe, arb í is aidhm dóibh na cearta cosanta, rochtain ar chomhad, ionadaíocht dhlíthiúil, rúndacht agus forálacha maidir le huainiú mar aon le bailiú na bhfíneálacha dá dtagraítear i mír 1, a ráthú.

5. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ón gComhairle lena ndéantar fínealacha a fhorchur faoi mhír 1. Féadfaidh sí an fhíneáil arna forchur amhlaidh a neamhniú, a laghdú nó a ardú.

CAIBIDIL VI

**CINEÁL RIARACHÁIN NA SMACHTBHANNAÍ AGUS AN tÚS AGUS NA FÍNEALACHA A DHÁILEADH**

*Airteagal 9*

**Cineál riaracháin na smachtbhannaí**

Beidh na smachtbhannaí arna bhforchur de bhun Airteagail 4 go 8 de chineál riaracháin.

*Airteagal 10*

**An t-ús agus na fíneálacha a dháileadh**

Beidh an t-ús a thuilleann an Coimisiún ar thaiscí arna dtaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 5 agus na fíneálacha arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 8 ina n-ioncam eile, mar a thagraítear dó in Airteagal 311 CFAE, agus sannfar an t-ioncam sin don tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais. Nuair a bheidh na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu tar éis sásra cobhsaíochta eile a chruthú chun cúnamh airgeadais a sholáthar d'fhonn cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú, sannfar an t-ús agus na fíneálacha don sásra sin.

CAIBIDIL VII

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 11*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 8(4), a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse trí bliana ón 13 Nollaig 2011. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse trí bliana sin, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 12*

**Vótáil i dtionól na Comhairle**

1. I gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 6 agus 8, ní vótálfaidh ach comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus gníomhóidh an Chomhairle gan vóta an chomhalta a ionadaíonn don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.

2. Déanfar tromlach cáilithe chomhaltaí na Comhairle dá dtagraítear i mír 1 a shainiú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 238(3) CFAE.

*Airteagal 13*

**Athbhreithniú**

1. Faoin 14 Nollaig 2014 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin, *inter alia*, ar na nithe seo a leanas:

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo, lena n-áirítear an fhéidearthacht go gcumasófaí don Chomhairle agus don Choimisiún gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar staideanna ina bhfuil baol ann go gcuirfí oibriú rianúil an aontais airgeadaíochta i gcontúirt;

(b) an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le comhordú níos dlúithe beartas eacnamaíoch a áirithiú agus i dtaca le cóineasú marthanach fheidhmíochtaí eacnamaíocha na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh togra le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin.

3. Cuirfear an tuarascáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

4. Roimh dheireadh na bliana 2011 tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfaí "euro-urrúis" isteach.

*Airteagal 14*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| J. BUZEK | W. SZCZUKA |

# RIALACHÁN (AE) Uimh. 1174/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Samhain 2011

## maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136, i gcomhar le hAirteagal 121(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart go mbeadh an creat um rialachas eacnamaíoch feabhsaithe bunaithe ar roinnt beartas d'fhás inbhuanaithe agus do phoist, ar beartais iad atá comhnasctha agus comhleanúnach, go háirithe ar straitéis Aontais d'fhás agus do phoist, lena mbeadh fócas ar leith maidir leis an margadh inmheánach a fhorbairt agus a neartú, an trádáil idirnáisiúnta agus an t-iomaíochas a chothú, Seimeastar Eorpach chun comhordú neartaithe a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha agus buiséadacha, creat éifeachtach chun easnaimh iomarcacha rialtais a chosc agus a cheartú (An Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF)), creat urrúnta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, ceanglais íosta le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta, agus rialáil agus maoirseacht fheabhsaithe ar an margadh airgeadais lena n-áirítear maoirseacht macrastuamachta ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach.

(2) Is ionann sonraí staidrimh iontaofa agus an bonn chun faireachas a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Chun staidreamh atá fónta agus neamhspleách a ráthú, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit neamhspleáchas gairmiúil údarás náisiúnta staidrimh a áirithiú, i gcomhréir leis an gcód cleachtais don Staidreamh Eorpach mar atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach ([4]). Ina theannta sin, tá infhaighteacht sonraí fioscacha fónta ábhartha freisin maidir le faireachas a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Ba cheart go ráthófaí an ceanglas sin leis na rialacha dá bhforáiltear i ndáil leis sin i Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro ([5]), go háirithe Airteagal 8 de.

(3) Ba cheart comhordú bheartais eacnamaíocha na mBallstát laistigh den Aontas a fhorbairt i gcomhthéacs na mórthreoirlínte beartais eacnamaíoch agus na dtreoirlínte fostaíochta, mar a fhoráiltear dóibh sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus ba cheart go mbéarfadh an comhordú sin comhlíonadh na dtreoirphrionsabal arb iad praghsanna cobhsaí, airgeadas poiblí atá fónta agus inbhuanaithe agus dálaí airgeadaíochta atá fónta agus inbhuanaithe, agus comhardú inbhuanaithe íocaíochtaí.

(4) Léirítear, leis an taithí a fuarthas agus leis na botúin a rinneadh le linn na chéad deich mbliana den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta go bhfuil gá le rialachas eacnamaíoch feabhsaithe san Aontas, ar rialachas é ba cheart a bheith bunaithe ar thiomantas náisiúnta níos láidre do na rialacha agus do na beartais arna gcomhaontú i gcomhpháirt agus creat níos urrúnta ar leibhéal an Aontais le haghaidh faireachas a dhéanamh ar bheartais náisiúnta eacnamaíocha.

(5) Maidir le margadh inmheánach dinimiciúil a ghnóthú agus a choimeád ar bun, ba cheart an dá ní sin a mheas mar chuid d'oibriú cuí agus rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

(6) Go háirithe, ba cheart an faireachas a dhéantar ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát a leathnú thar fhaireachas buiséadach chun creat níos mionsonraithe agus níos foirmeálta a áireamh ionas go ndéanfaí míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a chosc agus chun cabhrú leis na Ballstáit dá ndéantar difear pleananna ceartaitheacha a bhunú sula dtagann na dibhéirseachtaí chun bheith buanseasmhach agus sula gcasann forbairtí eacnamaíocha agus airgeadais i dtreo atá ró-mífhabhrach agus é sin ar shlí mharthanach. Ba cheart go dtarlódh leathnú den sórt sin maidir leis an bhfaireacahas a dhéantar ar bheartais eacnamaíocha ar shlí atá comhthreomhar le doimhniú faireachais fhioscaigh.

(7) Chun cuidiú le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha den sórt sin a cheartú, ní mór nós imeachta mionsonraithe a leagan síos sa reachtaíocht.

([1]) IO C 150, 20.5.2011, lch. 1.
([2]) IO C 218, 23.7.2011, lch. 53.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2011.
([4]) IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.
([5]) Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

(8) Is iomchuí an nós imeachta um fhaireachas iltaobhach dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 d'Airteagal 121 CFAE a fhorlíonadh le rialacha sonracha maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath, mar aon le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarchacha laistigh den Aontas a chosc agus a cheartú. Tá sé sár-riachtanach go mbeidh an nós imeachta ina bhunchuid den timthriall bhliantúil um fhaireachas ilthaobhach.

(9) Ba cheart go n-áireofaí le neartú rialachais eacnamaíoch rannpháirtíocht ní ba dhlúithe agus ní ba thráthúla ar thaobh Pharlaimint na hEorpa agus na bparlaimintí náisiúnta. Agus é á aithint aige gurb iad institiúidí ábhartha an Aontais agus a n-ionadaithe contrapháirtithe Pharlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an idirphlé seo féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa deis a thairiscint do Bhallstát is ábhar do chinneadh ón gComhairle lena bhforchuirtear taisce úsmhar nó fíneáil bhliantúil i gcomhréir leis an Rialachán seo, páirt a ghlacadh i malartú tuairimí. Is faoin mBallstát féin é a chinneadh i dtaobh an nglacfaidh sé páirt i malartú tuairimí den sórt sin nó nach nglacfaidh.

(10) Ba cheart go mbeadh ról níos láidre sa nós imeachta feabhsaithe um fhaireachas ag an gCoimisiún maidir le measúnuithe is sonrach do gach Ballstát ar leith, agus le faireachán, misin ar an láthair, moltaí agus foláirimh.

(11) Ba cheart go ndéanfaí forfheidhmiú Rialachán (AE) Uimh 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú [1] a neartú trí thaiscí úsmhara a bhunú i gcás neamhchomhlíonadh an mholta i leith gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Ba cheart go ndéanfaí taiscí úsmhara den sórt sin a thiontú i bhfíneáil bhliantúil i gcás neamhchomhlíonadh leanúnach mholta i leith aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha mar chuid den nós imeachta céanna um míchothromaíocht. Ba cheart go mbeadh na bearta forfheidhmithe sin infheidhme i ndáil le Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(12) I gcás ina mainnítear moltaí ón gComhairle a chomhlíonadh, ba cheart go ndéanfaí an taisce úsmhar nó an fhíneáil a fhorchur go dtí go suíonn an Chomhairle go bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach déanta ag an mBallstát chun moltaí na Comhairle a chomhlíonadh.

(13) Thairis sin, ba cheart, mar riail ghinearálta, go bhforchuirfí fíneáil bhliantúil freisin ar Bhallstát a mhainníonn arís agus arís eile plean maidir le gníomhaíocht cheartaitheach a tharraingt suas chun aghaidh a thabhairt ar an moladh ón gComhairle, go dtí go suíonn an Chomhairle gur sholáthair an Ballstát plean maidir le gníomhaíocht cheartaitheach lena dtugtar aghaidh ar mholadh na Comhairle ar shlí leordhóthanach.

(14) Lena áirithiú go gcaithfear go comhionann le gach Ballstát, ba cheart go mbeadh an taisce úsmhar agus an fhíneáil comhionann i gcás na mBallstát ar fad a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus ba cheart go mbeidís ar cóimhéid le 0,1 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Bhallstáit lena mbaineann sa bhliain roimhe sin.

(15) Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann a mholadh go ndéanfaí méid smachtbhanna a laghdú nó go ndéanfaí smachtbhanna a chur ar ceal ar fhorais imthosca eacnamaíocha eisceachtúla.

(16) Maidir leis an nós imeachta lena gcuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm ar na Ballstáit sin a mhainníonn bearta éifeachtacha a dhéanamh chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a cheartú, ba cheart an nós imeachta sin a fhorléiriú ar shlí a fhágfadh go mbeadh cur i bhfeidhm na smachtbhannaí ar na Ballstáit sin ina ghnáthnós seachas ina eisceacht.

(17) Ba cheart go mbeadh na smachtbhannaí dá dtagraítear sa Rialachán seo ina n-ioncam eile, mar a thagraítear dó in Airteagal 311 CFAE, agus ba cheart iad a shannadh do shásraí cobhsaíochta chun cúnamh airgeadais a sholáthar, ar sásraí iad arna gcruthú ag na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú.

(18) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle cinntí aonair a ghlacadh chun na smachtbhannaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Mar chuid de chomhordú ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát arna seoladh i dtionól na Comhairle mar a fhoráiltear dó in Airteagal 121(1) CFAE, leanann na cinntí aonair sin go dlúth as na bearta arna nglacadh ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE agus Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

(19) Ós rud é go bhfuil rialacha ginearálta maidir le forfheidhmiú éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 sa Rialachán seo, ba cheart é a ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach dá dtagraítear in Airteagal 121(6) CFAE.

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon forfheidhmiú éifeachtach cheartú míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro, a bhaint amach go leordhóthanach de dheasca na n-idirnasc domhain trádála agus airgeadais idir Ballstáit, agus na n-éifeachtaí iarmharta beartas eacnamaíoch náisiúnta ar an Aontas agus ar an limistéar euro ina iomláine, agus ós rud é gur fearr dá bhrí sin is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

[1] Féach leathanach 25 den Iris Oifigiúil seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos córas smachtbhannaí chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú go héifeachtach.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

Ciallaíonn "imthosca eacnamaíocha eisceachtúla" imthosca ina meastar go bhfuil farasbarr i leith easnaimh rialtais, ar farasbarr é atá thar an luach tagartha, eisceachtúil de réir bhrí an dara fleasc de phointe (a) d'Airteagal 126(2) CFAE agus faoi mar atá sonraithe i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus maidir leis an nós imeachta sin a shoiléiriú ([1]).

*Airteagal 3*

**Smachtbhannaí**

1. Déanfar taisce úsmhar a fhorchur le cinneadh ón gComhairle, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, má ghlactar cinneadh ón gComhairle lena suítear neamhchomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, más rud é go dtagann an Chomhairle ar an gconclúid nach bhfuil an ghníomhaíocht cheartaitheach a mhol an Chomhairle déanta ag an mBallstát lena mbaineann.

2. Déanfar fíneáil bhliantúil a fhorchur le cinneadh ón gComhairle, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, más rud é:

(a) go ndéantar dhá mholadh ón gComhairle as a chéile a ghlacadh sa nós imeachta céanna um míchothromaíocht i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, agus go measann an Chomhairle go ndearna an Ballstát plean gníomhaíochta ceartaithí is plean neamhleordhóthanach a thíolacadh; nó

(b) go ndéantar dhá chinneadh ón gComhairle as a chéile a ghlacadh sa nós imeachta céanna um míchothromaíocht lena suítear neamhchomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Sa chás sin, forchuirfear an fhíneáil bhliantúil tríd an taisce úsmhar a thiontú ina fhíneáil bhliantúil.

([1]) IO L 209, 2.8.1997, lch. 6.

3. Measfar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneann sí, trí thromlach cáilithe, an moladh a dhiúltú laistigh de dheich lá ó thráth a ghlactha ag an gCoimisiún. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh an moladh a leasú.

4. Eiseofar an moladh ón gCoimisiún maidir le cinneadh ón gComhairle laistigh de 20 lá tar éis chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

5. Is é 0,1 % d'OTI an Bhallstáit lena mbaineann sa bhliain roimhe sin a bheidh sa taisce úsmhar nó san fhíneáil bhliantúil arna moladh ag an gCoimisiún.

6. De mhaolú ar mhír 5, féadfaidh an Coimisiún a thogradh go ndéanfaí an taisce úsmhar nó an fhíneáil bhliantúil a laghdú nó a chealú ach é sin ar fhorais imthosca eacnamaíocha eisceachtúla nó de bhun iarrata réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann arna chur chuig an gCoimisiún laistigh de 10 lá ón tráth a gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

7. Más rud é gur bhunaigh an Ballstát taisce úsmhar nó go bhfuil fíneáil bhliantúil íoctha aige le haghaidh bliana féilire áirithe agus má thagann an Chomhairle ar an gconclúid ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 go bhfuil an ghníomhaíocht cheartaitheach a moladh déanta ag an mBallstát le linn na bliana sin, déanfar an taisce a íocadh don bhliain sin chomh maith leis an ús a fabhraíodh nó an fhíneáil a íocadh don bhliain sin a thabhairt ar ais don Bhallstát *pro rata temporis*.

*Airteagal 4*

**Leithdháileadh na bhfíneálacha**

Beidh na fíneálacha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo ina n-ioncam eile, mar a thagraítear dó in Airteagal 311 CFAE, agus sannfar iad don tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais. Nuair a chruthóidh na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu sásra cobhsaíochta eile d'fhonn cúnamh airgeadais a sholáthar chun cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine a choimirciú, sannfar na fíneálacha sin don sásra sin.

*Airteagal 5*

**Vótáil i dtionól na Comhairle**

1. I gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3, ní vótálfaidh ach comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus gníomhóidh an Chomhairle gan vóta an chomhalta den Chomhairlea ionadaíonn don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.

2. Déanfar tromlach cáilithe chomhaltaí na Comhairle dá dtagraítear i mír 1 a shainiú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 238(3) CFAE.

*Airteagal 6*

**Idirphlé Eacnamaíoch**

Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro láithriú os comhair an choiste chun cinntí a rinneadh de bhun Airteagal 3 a phlé.

Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint don Bhallstát a mbaineann cinntí den sórt sin leis páirt a ghlacadh i malartú tuairimí.

*Airteagal 7*

**Athbhreithniú**

1. Faoin an 14 Nollaig 2014 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin, *inter alia*, ar na nithe seo a leanas:

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo;

(b) an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíochtaí eacnamaíocha na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh togra maidir le leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil agus aon tograí a bheidh ag gabháil léi chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| J. BUZEK | W. SZCZUKA |

# RIALACHÁN (AE) Uimh. 1175/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Samhain 2011

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart go mbéarfadh comhordú bheartais eacnamaíocha na mBallstát laistigh den Aontas, mar a fhoráiltear dó leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), comhlíonadh na dtreoirphrionsabal arb iad praghsanna cobhsaí, airgeadas poiblí fónta agus dálaí airgeadaíochta fónta, agus comhardú inbhuanaithe na n-íocaíochtaí.

(2) Is éard a bhí sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) i dtosach Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú ([3]), a neartú, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air ([4]) agus an Rún ón gComhairle Eorpach an 17 Meitheamh 1997 maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis ([5]). Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 agus Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 sa bhliain 2005 le Rialachán (CE) Uimh. 1055/2005 ([6]) agus le Rialachán (CE) Uimh. 1056/2005 ([7]) faoi seach. Lena gcois sin, glacadh Tuarascáil ón gComhairle an 20 Márta 2005 dar teideal "Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a fheabhsú" ([8]).

(3) Tá an CCF bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta mar mhodh chun na dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás inbhuanaithe láidir a bheidh i dtaca i gcobhsaíocht airgeadais, lena dtacófar le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a ghnóthú.

(4) Leis an gcuid choisctheach de CCF, ceanglaítear ar na Ballstáit cuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú agus a choimeád ar bun agus clár cobhsaíochta agus clár um chóineasú a thíolacadh chuige sin. Bhainfeadh sí tairbhe as foirmeacha ní ba láidre faireachais chun comhsheasmhacht ó na Ballstáit a áirithiú i dtaca le creat comhordaithe bhuiséadaigh an Aontais agus chun a áirithiú go gcomhlíonann siad an creat sin.

(5) Ba cheart inneachar na gclár cobhsaíochta agus na gclár um chóineasú, mar aon leis an nós imeachta maidir lena scrúdú, a fhorbairt tuilleadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn CCF a chur chun feidhme.

(6) Leis na spriocanna buiséadacha sna cláir chobhsaíochta agus sna cláir um chóineasú, ba cheart go gcuirfí san áireamh go sainráite na bearta a ghlactar i gcomhréir leis na mór-threoirlínte beartais eacnamaíocha, na treoirlínte maidir le beartais fostaíochta na mBallstát agus an Aontais, agus, go ginearálta, na cláir athchóirithe náisiúnta.

(7) Ba cheart na cláir cobhsaíochta agus na cláir um chóineasú a thíolacadh agus a mheasúnú sula ndéanfar na príomhchinntí maidir leis na buiséid náisiúnta do na blianta ina dhiaidh sin. Ba cheart, dá bhrí sin, spriocdháta iomchuí a bhunú maidir le tíolacadh na gclár cobhsaíochta agus na gclár um chóineasú. Agus sainiúlachtaí bhliain bhuiséadach na Ríochta Aontaithe á gcur san áireamh, ba cheart forálacha ar leith a bhunú do dháta tíolactha a cláir um chóineasú.

(8) Leis an taithí a fuarthas agus leis na botúin a rinneadh le linn na chéad deich mbliana den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, léirítear go bhfuil gá le rialachas eacnamaíoch feabhsaithe san Aontas, ar rialachas é ar cheart dó a bheith bunaithe ar thiomantas níos treise ar an leibhéal náisiúnta do na rialacha agus do na beartais a aontaíodh i gcomhpháirt agus a bheith bunaithe ar chreat níos urrúnta ar leibhéal an Aontais maidir le faireachas ar bheartais náisiúnta eacnamaíocha.

([1]) IO C 150, 20.5.2011, lch. 1.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2011.
([3]) IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
([4]) IO L 209, 2.8.1997, lch. 6.
([5]) IO C 236, 2.8.1997, lch. 1.
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1055/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97) maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 174, 7.7.2005, lch. 1.).
([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1056/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 174, 7.7.2005, lch. 5.).
([8]) Féach doiciméad 7423/3/05 ar http://www.consilium.europa.eu/documents.aspx?lang=en

(9) Ba cheart go mbraithfeadh an creat rialachais eacnamaíoch feabhsaithe ar roinnt beartas idirnasctha agus comhleanúnacha don fhás inbhuanaithe agus don fhostaíocht inbhunaithe, go háirithe straitéis Aontais don fhás agus do phoist, lena leagfaí béim ar leith ar an margadh inmheánach a fhorbairt agus a neartú, an trádáil idirnáisiúnta agus an t-iomaíochas a chothú, Seimeastar Eorpach do chomhordú neartaithe ar bheartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha (an Seimeastar Eorpach), creat éifeachtach chun easnaimh rialtais iomarcacha a chosc agus a cheartú (CCF), creat urrúnta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, riachtanais íosta le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta, rialáil fheabhsaithe agus faireachas feabhsaithe ar mhargaí airgeadais, lena n-áirítear maoirseacht macrastuamachta ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach.

(10) Tagann CCF agus creat iomlán an rialachais eacnamaíoch le straitéis an Aontais don fhás agus do phoist agus tacaíonn siad léi. Leis na hidirnaisc idir na sraitheanna éagsúla, níor cheart go bhforálfaí d'eisceachtaí ó fhorálacha CCF.

(11) Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht ní ba dhlúithe agus ní ba thráthúla ag Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta mar chuid de neartú an rialachais eacnamaíoch. Agus é á aithint aige gurb iad institiúidí ábhartha an Aontais agus a n-ionadaithe iad contraphháirtithe Pharlaimint na hEorpa faoi chuimsiú an idirphlé, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa deis a thairiscint do Bhallstát is ábhar do mholadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 6(2) nó le hAirteagal 10(2) páirt a ghlacadh i malartú tuairimí. Is faoin mBallstát féin é a chinneadh an nglacfaidh sé páirt i malartú tuairimí den sórt sin nó nach nglacfaidh.

(12) Ba cheart go mbeadh ról neartaithe ag an gCoimisiún sa nós imeachta feabhsaithe faireachais i dtaca le measúnuithe is sonrach do gach Ballstát ar leith, faireachán, misin ar an láthair, moltaí agus foláirimh.

(13) Ba cheart go n-ullmhófaí na cláir cobhsaíochta agus na cláir um chóineasú agus na cláir athchóirithe náisiúnta ar dhóigh chomhleanúnach agus ba cheart uainiú a dtíolactha a ailíniú. Ba cheart na cláir sin a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Ba cheart iad a phoibliú.

(14) Faoin Seimeastar Eorpach do chomhordú neartaithe ar bheartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha (an Seimeastar Eorpach), tosaíonn timthriail an fhaireachais beartais agus an chomhordaithe go luath sa bhliain le hathbhreithniú cothrománach ina ndéanann an Chomhairle Eorpach, ar bhonn ionchuir ón gCoimisiún agus ón gComhairle na príomhdhúshláin atá os gcomhair an Aontais agus an limistéir euro a shainaithint agus ina ndéanann sí treoir straitéiseach a thabhairt maidir le beartais. Ba cheart go ndéanfaí plé i bParlaimint na hEorpa freisin ag tús na timthrialach bliantúil faireachais in am trátha sula ndéanfar an plé sa Chomhairle Eorpach. Le linn dóibh a gcláir cobhsaíochta agus a gcláir um chóineasú agus a gcláir athchóirithe náisiúnta a ullmhú, ba cheart go dtabharfadh na Ballstáit aird ar an treoir chothrománach ón gComhairle Eorpach.

(15) Chun an tiomantas náisiúnta do CCF a fheabhsú, ba cheart creataí buiséadacha náisiúnta a ailíniú go hiomlán le cuspóirí an fhaireachais iltaobhaigh san Aontas, agus go háirithe leis an Seimeastar Eorpach.

(16) I gcomhréir leis na socruithe dlíthiúla agus polaitiúla i ngach Ballstát, ba cheart go mbeadh páirt ag na parlaimintí náisiúnta a bheith rannpháirteach mar is cuí sa Seimeastar Eorpach agus in ullmhú na gclár cobhsaíochta, na gclár um chóineasú agus na gclár athchóirithe náisiúnta chun trédhearcacht na gcinntí a ghlactar agus an tiomantas do no cinntí sin mar aon leis an gcuntasacht ina leith, a mhéadú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, leis an gCoiste Beartais Eacnamaíoch, leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh. Ba cheart go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach, faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, i dtaca leis na príomh-shaincheisteanna beartais i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le forálacha CFAE agus le socruithe dlíthiúla agus polaitiúla náisiúnta.

(17) Má chloíonn na Ballstáit leis an gcuspóir meántéarmach do na riochtaí buiséadacha, ba cheart go gceadófaí lamháil sábháilteachta a bheith acu maidir leis an luach tagartha, arb é 3 % d'OTI é, chun airgeadas poiblí inbhuanaithe, nó dul chun cinn tapa i dtreo na hinbhuanaitheachta, a áirithiú agus, ag an am céanna, go gceadófaí lamháil ionramhála buiséadaí a bheith acu, agus aird á tabhairt go háirithe ar an ngá atá le hinfheistíocht phoiblí. Ba cheart an cuspóir buiséadach meántéarmach a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar bhonn modha a bheadh aontaithe go comhpháirteach ar modh é lena léireofaí go cuí rioscaí na ndliteanas follasach agus intuigthe don airgeadas poiblí mar a chorpraítear in aidhmeanna CCF é.

(18) Ní mór an oibleagáid chun an cuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú agus a choimeád ar bun a chur i ngníomh trí phrionsabail a shonrú do chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra mheántéarmaigh. Ba cheart, a áirithiú, leis na prionsabail sin, *inter alia*, go gcionroinnfí ioncam amhantrach, eadhon ioncam is mó ná a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis ón bhfás eacnamaíoch, chun an fiachas a laghdú.

(19) Maidir leis an oibleagáid chun an cuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú agus a choimeád ar bun, ba cheart go mbeadh sí infheidhme ar na Ballstáit uile.

(20) Maidir le dul chun cinn leordhóthanach i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, ba cheart meastóireacht a dhéanamh air sin ar bhonn measúnaithe fhoriomláin ar ina leith a bheadh an comhardú struchtúrach ina thagairt, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim. Chuige sin, agus fad nach ndéanfar an cuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú, níor cheart go hiondúil go rachadh ráta fáis chaiteachas an rialtais os cionn ráta meántéarmach tagartha fáis OTI ionchasaigh, agus ba cheart na méaduithe a bheadh os cionn an chaighdeáin sin a mheaitseáil le méaduithe lánroghnacha ar ioncaim rialtais agus ba cheart laghduithe ar ioncam lánroghnach a chúiteamh trí laghduithe ar chaiteachas. Ba cheart ráta meántéarmach tagartha i leith fáis OTI ionchasaigh a ríomh de réir modha a bheadh aontaithe go comhpháirteach. Ba cheart don Choimisiún an modh ríofa do na réamhaisnéisí sin agus don ráta meántéarmach tagartha fáis OTI ionchasaigh a thiocfaidh astu a phoibliú. Ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh an inathraitheacht sa chaiteachas infheistíochta a bheith an-ard, go háirithe i gcás na mBallstát beag.

(21) Ba cheart conair choigeartaithe níos gasta i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh a cheangal i gcás Ballstát a bhfuil leibhéal fiachais acu ar mó ná 60 % d'OTI é, nó a bhfuil rioscaí suntasacha acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais fhoriomláin.

(22) Ba cheart imeacht sealadach ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh a cheadú nuair a eascraíonn sé as imeacht neamhghnách nach bhfuil neart ag an mBallstát lena mbaineann air, a bhfuil mórthionchar aige ar riocht airgeadais an rialtais ghinearálta nó i gcás géarchor chun donais eacnamaíoch don limistéar euro nó don Aontas ina iomláine, ar an gcoinníoll nach gcuirtear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol leis sin sa mheántéarma, chun an téarnamh geilleagrach a éascú. Ba cheart aird a thabhairt ar chur chun feidhme na mór-athchóirithe struchtúracha agus imeacht sealadach ón gcuspóir buiséadach meántéarmach nó ón gcoigeartú iomchuí ina leith a cheadú, ar choinníoll go gcoinnítear lamháil sábháilteachta iomchuí i leith luach tagartha an easnaimh. Ba cheart go dtabharfaí aird faoi leith, sa chomhthéacs seo, ar athchóirithe sistéamacha ar phinsin, i gcás inar cheart go léireofaí, leis an imeacht, costas díreach incriminteach atreorú na ranníocaíochtaí ón gcolún atá faoi bhainistiú poiblí chuig an gcolún atá lánmhaoinithe. Ba cheart bearta lena ndéantar sócmhainní an cholúin lánmhaoinithe a aistriú ar ais chuig an gcolún atá faoi bhainistiú poiblí a mheas mar bhearta de chineál aonuaire agus sealadach, ar bearta iad atá eisiata, dá bhrí sin, ón gcomhardú struchtúrach a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh.

(23) I gcás diallta shuntasaigh ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, ba cheart don Choimisiún foláireamh a dhíriú chuig an mBallstát lena mbaineann, agus ba cheart don Chomhairle an cás a scrúdú laistigh de mhí ina dhiaidh sin agus moladh a dhéanamh maidir leis na bearta coigeartaithe is gá a dhéanamh. Ba cheart, leis an moladh sin, teorainn ama nach faide ná cúig mhí a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar an diall. Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann tuarascáil a dhéanamh don Chomhairle faoin ngníomhaíocht a rinneadh. I gcás ina mainneoidh an Ballstát lena mbaineann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh laistigh den teorainn ama arna leagan síos ag an gComhairle, ba cheart don Chomhairle cinneadh a ghlacadh lena suífí nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach agus ba cheart di tuarascáil a dhéanamh don Chomhairle Eorpach. Tá sé tábhachtach go suífí sin in am má mhainníonn Ballstáit gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, go háirithe má leantar den mhainneachtain sin. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann a mholadh don Chomhairle moltaí athbhreithnithe a ghlacadh. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann iarraidh ar BCE páirt a ghlacadh i misean faireachais i leith Ballstát an limistéir euro agus i leith Bhallstáit a ghlacann páirt i gComhaontú an 16 Márta 2006 idir an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát atá lasmuigh den limistéar euro lena leagtar síos na nósanna imeachta oibriúcháin do mheicníocht rátaí malairte ag céim a trí den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadais [1], nuair is iomchuí. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle maidir le toradh an mhisin agus, más iomchuí, ba cheart go mbeadh sé in ann a chinneadh a chuid fionnachatana a phoibliú.

(24) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle cinntí aonair a ghlacadh lena suitear neamhchomhlíonadh na moltaí a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal 121(4) CFAE lena mbunaítear bearta beartais más rud é go ndiallann Ballstát go suntasach ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh. Mar chuid de chomhordú bheartais eacnamaíocha na mBallstát ar beartais iad arna seoladh i dtionól na Comhairle mar a fhorailtear dó Airteagal 121(1) CFAE, leanann na cinntí aonair sin go dlúth ó na moltaí dá dtagraítear ar moltaí iad arna nglacadh ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 121(4) CFAE. Maidir le cearta vótála comhaltaí na Comhairle a ionadaíonn do Bhallstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu a chur ar fionraí i dtaca leis an gComhairle do ghlacadh cinnidh lena suitear neamhchomhlíonadh na moltaí a dhirítear chuig Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige ar bhonn Airteagal 121(4) CFAE, is iarmhairt dhíreach í ar chinneadh den sórt sin a bheith ina dhlúthchuid den obair leantach ar an moladh sin agus ar an bhforáil in Airteagal 139(4) CFAE lena bhforchoimeádtar an ceart vótála ar mholtaí den sórt sin do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(25) Chun comhlíonadh chreat faireachais bhuiséadaigh an Aontais a áirithiú i gcás na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ba cheart sásra sonrach um fhorfheidhmiú a bhunú ar bhonn Airteagal 136 CFAE i gcásanna ina mbeadh diall shuntasach ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh.

[1] IO C 73, 25.3.2006, lch. 21.

(26) Leis na tagairtí atá i Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ba cheart aird a thabhairt ar uimhriú nua na nAirteagal in CFAE.

(27) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 leis seo mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Leis an Rialachán seo, leagtar amach na rialacha lena gcumhdaítear inneachar agus tíolacadh clár cobhsaíochta agus clár um chóineasú agus lena gcumhdaítear scrúdú agus faireachán a dhéanamh ar na cláir sin mar chuid d'fhaireachas iltaobhach arna dhéanamh ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún chun cosc a chur, ag céim luath, ar easnaimh rialtais ghinearálta iomarcacha a bheith ann agus chun faireachas agus comhordú ar bheartais eacnamaíocha a chur chun cinn agus chun tacú, tríd an meid sin a dhéanamh, le cuspóirí an Aontais don fhás agus don fhostaíocht a ghnóthú.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

Chun críche an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn "Ballstáit a ghlacann páirt" na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu;

(b) ciallaíonn "Ballstáit nach nglacann páirt" na Ballstáit sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu.".

(3) Cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

"ROINN 1-A

**AN SEIMEASTAR EORPACH UM BEARTAS EACNAMAÍOCH A CHOMHORDÚ**

*Airteagal 2-a*

1. Chun a áirithiú go ndéanfar comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus go mbeidh cóineasú marthanach ann ó thaobh fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát, déanfaidh an Chomhairle faireachas iltaobhach mar dhlúthchuid den Seimeastar Eorpach um beartas eacnamaíoch a chomhordú, i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

2. Áirítear an méid seo a leanas sa an Seimeastar Eorpach:

(a) foirmliú chur chun feidhme mhór-threoirlínte bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais (na mór-threoirlínte beartais eacnamaíocha) i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE, agus an faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin;

(b) foirmliú chur chun feidhme na dtreoirlínte don fhostaíocht nach mór do na Ballstáit a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 148(2) CFAE (na treoirlínte don fhostaíocht), agus an scrúdú a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin;

(c) tíolacadh agus measúnú chláir cobhsaíochta nó chláir um chóineasú na mBallstát faoin Rialachán seo;

(d) tíolacadh agus measúnú chláir athchóirithe náisiúnta na mBallstát lena dtacaítear le straitéis an Aontais don fhás agus do phoist agus ar straitéis í arna bunú i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) thuas agus leis an mór-threoir do na Ballstáit arna heisiúint ag an gComhairle Eorpach agus ag an gCoimisiún ag tús na timthrialach bliantúil faireachais;

(e) an faireachas chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (*).

3. I gcaitheamh an tSeimeastair Eorpaigh, chun comhairle thráthúil agus chomhtháite a sholáthar maidir lena bhfuil beartaithe ó thaobh beartais mhacra-fhioscaigh agus mhacra-struchtúraigh, déanfaidh an Chomhairle, mar riail ghinearálta, tar éis di na cláir sin a mheasúnú ar bhonn moltaí ón gCoimisiún, treoir a thabhairt do na Ballstáit agus lánúsáid á baint aici as na hionstraimí dlíthiúla dá bhforáiltear faoi Airteagal 121 agus faoi Airteagal 148 CFAE, agus faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar an treoir a chuirfear chucu agus a gcuid beartas eacnamaíoch, fostaíochta agus buiséadach á bhforbairt acu sula ndéanfaidh siad na príomhchinntí maidir lena mbuiséid náisiúnta do na blianta ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn.

Má mhainníonn Ballstát gníomhú de réir na treorach arna fáil, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith mar thoradh air sin:

(a) moltaí dá éis sin ón gComhairle go ndéanfaí bearta sonracha;

(b) foláireamh ón gCoimisiún faoi Airteagal 121(4) CFAE;

(c) bearta faoin Rialachán seo, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

Beidh cur chun feidhme na mbeart faoi réir faireacháin athneartaithe ag an gCoimisiún agus féadfaidh misin faireachais a bheith san áireamh leis an bhfaireachán sin faoi Airteagal -11 den Rialachán seo.

4. Chun gur mó trédhearcacht na gcinntí a dhéanfar, an tiomantas náisiúnta ina leith agus an chuntasacht i leith, beidh rannpháirtíocht chuí ag Parlaimint na hEorpa sa Seimeastar Eorpach, go háirithe trí bhíthin an idirphlé eacnamaíoch arna dhéanamh de bhun Airteagal 2-ab den Rialachán seo. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh i gcás inarb iomchuí sin. Beidh na geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach, faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, maidir leis na príomh-shaincheisteanna beartais i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le forálacha an CFAE agus le socruithe dlíthiúla agus polaitiúla náisiúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE, déanfaidh Uachtarán na Comhairle, an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, Uachtarán an Ghrúpa Euro, tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Eorpach gach bliain faoi thorthaí an fhaireachais iltaobhaigh. Ba cheart na tuarascálacha sin a bheith mar chuid den Idirphlé Eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 2-ab den Rialachán seo.

(*) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.”.

(4) Cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

“ROINN 1-Aa

**AN tIDIRPHLÉ EACNAMAÍOCH**

*Airteagal 2-ab*

1. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro, láithriú os comhair an choiste chun plé a dhéanamh ar na nithe a leanas:

(a) faisnéis arna soláthar ag an gComhairle don choiste faoi na mór-threoirlínte beartais eacnamaíocha de bhun Airteagal 121(2) CFAE;

(b) mór-threoir do na Ballstáit a d’eisigh an Coimisiún ag tús na timthrialach bliantúil faireachais;

(c) aon chonclúidí ar tháinig an Chomhairle Eorpach orthu maidir leis an treoshuíomh don bheartas eacnamaíoch i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh;

(d) torthaí an fhaireachais iltaobhaigh arna dhéanamh faoin Rialachán seo;

(e) aon chonclúidí ar tháinig an Chomhairle Eorpach orthu maidir le treoshuíomh agus torthaí an fhaireachais iltaobhaigh;

(f) aon athbhreithniú a dhéanfar ag deireadh an tSeimeastair Eorpaigh ar an tslí ina ndéantar an faireachas iltaobhach;

(g) moltaí ón gComhairle arna ndíriú chuig Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE i gcás diallta shuntasaigh agus an tuarascáil a rinne an Chomhairle chuig an gComhairle Eorpach mar a shainítear sin in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 10(2) den Rialachán seo.

2. Mar riail ghinearálta, táthar ag súil go ndéanfaidh an Chomhairle de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndeánfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí.

3. Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint do Bhallstát is ábhar do mholadh ón gComhairle faoi Airteagal 6(2) nó faoi Airteagal 10(2) páirt a ghlacadh i malartú tuairimí.

4. Cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.”.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2a:

*“Airteagal 2a*

Beidh cuspóir meántéarmach difreáilte ag gach Ballstát dá riocht buiséadach. Na cuspóirí buiséadacha meántéarmacha sin, ar cuspóirí do thír shonrach iad, féadfaidh siad imeacht ón gceanglas i dtaobh riochta is riocht atá gar do chomhardú nó riocht bharrachais agus lamháil sábháilteachta á soláthar acu i ndáil leis an 3 % den chóimheas OTI-easnaimh rialtais. Leis na cuspóirí buiséadacha meántéarmacha, áiritheofar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí nó áiritheofar go ndéanfar dul chun cinn pras i dtreo inbhuanaitheachta den sórt sin agus, ag an am céanna, beidh lamháil ionramhála buiséadaí ann, agus an gá atá le hinfheistíocht phoiblí á chur san áireamh, go háirithe.

Agus na fachtóirí sin á gcur san áireamh, sonrófar, do na Ballstáit aghlacann páirt agus do Bhallstáit aghlacann páirt in ERM2, na cuspóirí buiséadacha meántéarmacha ar cuspóirí do thír shonrach iad laistigh de réimse sainithe idir -1 % d’OTI agus comhardú nó barrachas, i dtéarmaí arna gcoigeartú go timthriallach, agus iad glan ó bhearta de chineál aonuaire agus sealadach.

Déanfar athbhreithniú ar an gcuspóir buiséadach meántéarmach gach trí bliana. Féadfar cuspóir meántéarmach Ballstáit a athbhreithniú tuilleadh i gcás ina gcuirfear athchóiriú struchtúrach chun feidhme a mbeadh mórthionchar aige ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

Áireofar urraim an chuspóra bhuiséadaigh meántéarmaigh sna creataí buiséadacha meántéarmacha náisiúnta i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát (*).

(*) IO L 306, 23.11.2011, lch. 41.”.

(6) Leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh gach Ballstát a ghlacann páirt an fhaisnéis is gá chun críche faireachais iltaobhaigh a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún go tráthrialta faoi Airteagal 121 CFAE i bhfoirm chláir chobhsaíochta, ar clár é lena soláthraítear bonn sár-riachtanach le haghaidh inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí lena gcuideofar le cobhsaíocht praghsanna, le fás láidir inbhuanaithe agus le cruthú fostaíochta.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a), phointe (b) agus phointe (c):

“(a) an cuspóir buiséadach meántéarmach agus conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin i ndáil le comhardú an rialtais ghinearálta mar chéatadán d’OTI, an chonair a bhfuiltear ag súil a bheidh ag cóimheas fiachais an rialtais ghinearálta, an chonair fáis atá beartaithe do chaiteachas an rialtais, lena n-áirítear an chionroinnt chomhfhreagrach d’ollfhoirmiú caipitil sheasta, agus aird á tabhairt go háirithe ar na coinníollacha agus ar na critéir chun fás an chaiteachais a shuíomh faoi Airteagal 5(1), an chonair fáis atá beartaithe d’ioncam rialtais bunaithe ar bheartas neamhathraithe agus cainníochtú na mbeart lánroghnach ioncaim atá beartaithe;

(aa) faisnéis faoi dhliteanais intuigthe a bhaineann le haosú, agus faoi dhliteanais theagmhasacha, amhail ráthaíochtaí poiblí, a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu go ar chuntais an rialtais ghinearálta;

(ab) faisnéis faoi chomhsheasmhacht an chláir chobhsaíochta leis na mórthreoirlínte beartais eacnamaíocha agus leis an gclár athchóirithe náisiúnta;

(b) na príomhthoimhdí maidir le forbairtí eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo agus faoi athróga eacnamaíocha tábhachtacha atá ábhartha do ghnóthú an chláir chobhsaíochta, amhail caiteachas rialtais infheistíochta, fás réadach OTI, fostaíocht agus boilsciú;

(c) measúnú cainníochtúil ar bhearta buiséadacha agus ar bhearta eile beartais eacnamaíoch atá á ndéanamh nó a bheartaítear a dhéanamh chun cuspóirí an chláir a ghnóthú, ar measúnú é a mbeidh anailís chostais/sochair mar chuid de ar na mór-athchóirithe struchtúracha a bhfuil éifeachtaí buiséadacha acu atá dearfach, díreach agus fadtéarmach, lena n-áirítear tríd an bhfás inbhuanaithe ionchasach a mhéadú;”;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“2a. Beidh an clár cobhsaíochta bunaithe ar an gcás macra-fhioscach arb é is dóichí a tharlóidh nó ar chás níos stuama. Déanfar comparáid idir na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha agus na réamhaisnéisí is cothroime le dáta ón gCoimisiún agus, más iomchuí, réamhaisnéisí comhlachtaí neamhspleácha eile. Maidir le haon difríochtaí suntasacha atá ann idir an cás macraifhioscach a roghnaíodh agus an réamhaisnéis ón gCoimisiún, cuirfear síos orthu le réasúnaíocht, go háirithe más rud é go n–imíonn leibhéal nó fás na dtoimhdí seachtracha ó na luachanna atá sna réamhaisnéisí ón gCoimisiún.

Déanfar cineál beacht na faisnéise sin a áirítear i bpointí (a), (aa), (b), (c) agus (d) de mhír 2 a leagan amach i gcreat comhchuibhithe arna bhunú ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Is ar bhonn bliantúil a thabharfar an fhaisnéis faoi chonairí le haghaidh an chóimheas i ndáil le comhardú agus fiachas an rialtais ghinearálta, faoi fhás caiteachais rialtais, faoin gconair fáis atá beartaithe d’ioncam rialtais bunaithe ar bheartas neamhathraithe, faoi na bearta lánroghnacha atá beartaithe maidir le hioncam, arna gcainníochtú go hiomchuí, agus na príomhthoimhdí eacnamaíocha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2 agus cuimseofar léi an bhliain roimhe sin, an bhliain reatha agus na trí bliana ina dhiaidh sin ar a laghad.

4. Beidh faisnéis ar áireamh i ngach clár maidir lena stádas i gcomhthéacs na nósanna imeachta náisiúnta, go háirithe cé acu ar cuireadh an clár faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta, agus an raibh an deis ag an bparlaimint náisiúnta plé a dhéanamh ar thuairim na Comhairle maidir leis an gclár a tháinig roimhe sin nó, más ábhartha, ar aon mholadh nó ar aon fholáireamh a tugadh, agus ar fhormheas an pharlaimint an clár sin.”.

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*“Airteagal 4*

1. Déanfar na cláir cobhsaíochta a thíolacadh gach bliain i mí Aibreáin, agus faoi lár mhí Aibreáin de rogha, agus tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán.

2. Déanfaidh na Ballstáit a gcláir cobhsaíochta a phoibliú.”.

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*“Airteagal 5*

1. Ar bhonn measúnuithe ón gCoimisiún agus ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, déanfaidh an Chomhairle, faoi chuimsiú an fhaireachais iltaobhaigh faoi Airteagal 121 CFAE, na cuspóirí buiséadacha meántéarmacha a thíolacfaidh na Ballstáit lena mbaineann ina gcuid clár cobhsaíochta a scrúdú, an tsaincheist i dtaobh an toimhdí sochreidte iad na toimhdí eacnamaíocha a bhfuil an clár bunaithe orthu a mheasúnú, an tsaincheist i dtaobh an conair iomchuí í an chonair choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh a mheasúnú, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an gconair chomhfhreagrach maidir le cóimheas an fhiachais, agus an tsaincheist i dtaobh an leordhóthanach na bearta atá á ndéanamh nó a bheartaítear a dhéanamh chun an chonair choigeartaithe sin a urramú d’fhonn an cuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú le linn an timthrialla a mheasúnú.

Le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar an gconair choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, scrúdóidh an Chomhairle agus an Coimisiún an bhfuil feabhas bliantúil iomchuí á shaothrú ag an mBallstát lena mbaineann ar a chomhardú buiséadach atá coigeartaithe go timthriallach, agus é glan ó bhearta de chineál aonuaire agus sealadach, rud atá riachtanach chun a chuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú, a bhfuil tagarmharc 0,5 % d'OTI aige. I gcás Ballstát a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar leibhéal fiachais ar mó ná 60 % d'OTI é nó a bhfuil rioscaí suntasacha acu maidir le hinbhuanaitheacht a bhfiachais fhoriomláin, scrúdóidh an Chomhairle agus an Coimisiún ar airde é an feabhas bliantúil ar an gcomhardú buiséid atá coigeartaithe go timthriallach, agus é glan ó bhearta de chineál aonuaire agus sealadach eile, ná 0,5 % d'OTI. Tabharfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún aird ar cibé a dhéantar iarracht níos láidre coigeartaithe le linn tréimhsí an ratha eacnamaíoch agus cibé a dhéanfaí iarracht is lú ná sin le linn tréimhsí an lag trá eacnamaíoch. Déanfar ioncam amhantrach agus gannchion ioncaim, go háirithe, a chur san áireamh.

Maidir le dul chun cinn leordhóthanach i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, déanfar meastóireacht air sin, ar bhonn measúnaithe fhoriomláin ina bhfuil an comhardú struchtúrach ina thagairt, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim. Chuige sin, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún a mheasúnú an bhfuil an chonair fáis i leith caiteachais rialtais, agus í á breithniú in éineacht le héifeacht na mbeart atá á ndéanamh nó á mbeartú ar thaobh an ioncaim, i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás Ballstát a bhfuil an cuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe acu, nach mó fás bliantúil an chaiteachais ná ráta tagartha meántéarmach an fháis ionchasaigh OTI, mura rud é go meaitseáiltear an sárú sin le bearta lánroghnacha ioncaim;

(b) i gcás Ballstát nach bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe acu fós, nach mó fás bliantúil caiteachais ná ráta atá faoi bhun ráta tagartha meántéarmach fháis ionchasaigh OTI, mura rud é go meaitseáiltear an sárú sin le bearta lánroghnacha ioncaim. Tá méid ghannchion an ráta fáis i leith chaiteachas rialtais, i gcomparáid le ráta meántéarmach tagartha fhás ionchasaigh OTI, socraithe ar bhealach lena n-áiritheofar coigeartú iomchuí i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh;

(c) i gcás Ballstát nach bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe acu fós, go ndéantar laghduithe lánroghnacha ar ítimí ioncaim an rialtais a mheaitseáil le laghduithe ar chaiteachas nó le méaduithe lánroghnacha ar ítimí eile ioncaim de chuid an rialtais nó leis an dá cheann.

Eisiafar as an gcaiteachas comhiomlán caiteachas úis, caiteachas ar chláir de chuid an Aontais a mheaitseáiltear go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus athruithe neamh-lánroghnacha ar chaiteachas ar shochar dífhostaíochta.

Má sháraíonn fás an chaiteachais an tagairt mheántéarmach, ní mheasfar gur sárú ar an tagarmharc é an sárú sin a mhéid a dhéanfar an sárú sin a chúiteamh go hiomlán le méaduithe ar ioncam a bhfuil bunús dlí leo.

Cinnfear ráta meántéarmach tagartha fháis ionchasaigh an OTI ar bhonn réamh-mheastacháin ar a bhfuil le teacht agus meastacháin ar ar tharla cheana. Déanfar na réamh-mheastacháin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Déanfaidh an Coimisiún an modh ríofa do na réamh-mheastacháin sin agus ráta meántéarmach tagartha fháis ionchasaigh OTI a thiocfaidh astu a phoibliú.

Agus conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh á sainiú acu do Bhallstáit nach bhfuil an cuspóir sin gnóthaithe acu fós, agus diall sealadach ón gcuspóir sin á cheadú acu do Bhallstáit a bhfuil an cuspóir sin gnóthaithe acu, ar an gcoinníoll go bhfágfar lamháil sábháilteachta iomchuí i leith luach tagartha an easnaimh, agus go measfar go bhfillfidh an riocht buiséadach ar an gcuspóir buiséadach meántéarmach laistigh de thréimhse an chláir, cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún cur chun feidhme mór-athchóirithe struchtúracha san áireamh a bhfuil éifeachtaí buiséadacha acu atá dearfach, díreach agus fadtéarmach, méadú an fháis inbhuanaithe ionchasaigh san áireamh, agus a bhfuil, dá bhrí sin, tionchar infhíoraithe acu ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí.

Tabharfar aird speisialta ar athchóirithe pinsean lena dtugtar isteach córas ilcholúnach ina n-áirítear colún éigeantach lánmhaoinithe. Maidir leis na Ballstáit a chuirfidh athchóirithe den sórt sin chun feidhme, ceadófar dóibh imeacht ó chonair an choigeartaithe i dtreo a gcuspóir buiséadach meántéarmach nó imeacht ón gcuspóir féin, agus léireofar, leis an diall sin, méid thionchar díreach incriminteach an athchóirithe ar chomhardú an rialtais ghinearálta, ar an gcoinníoll go bhfágfar lamháil iomchuí sábháilteachta maidir le luach tagartha an easnaimh.

Ina theannta sin, scrúdóidh an Chomhairle agus an Coimisiún, an cheist i dtaobh an éascaíonn an clár cobhsaíochta cóineasú inbhuanaithe agus réadach a ghnóthú i limistéar an euro agus comhordú níos dlúithe ar na beartais eacnamaíocha, agus an bhfuil beartais eacnamaíocha an Bhallstáit lena mbaineann ag teacht le mórthreoirlínte na mBallstát agus an Aontais maidir leis an mbeartas eacnamaíoch agus le treoirlínte na mBallstát agus an Aontais don fhostaíocht.

Féadfar imeacht sealadach a cheadú ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh dá dtagraítear sa tríú fomhír, do Bhallstáit, i gcás imeachta neamhghnách nach bhfuil neart ag an mBallstát lena mbaineann air agus ar imeacht é a bhfuil mórthionchar aige ar riocht eacnamaíoch an rialtais ghinearálta nó i gcás géarchor chun donais eacnamaíoch don limistéar euro nó don Aontas ina iomláine, ar an gcoinníoll nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol leis sin sa mheántéarma.

2. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún an clár cobhsaíochta a scrúdú laistigh de thrí mhí ar a mhéid ón dáta a dtíolactar an clár. Ar mholadh ón gCoimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, déanfaidh an Chomhairle tuairim a ghlacadh faoin gclár, más gá sin. I gcás ina measfaidh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE, gur cheart cuspóirí agus inneachar an chláir a neartú go háirithe i dtaca le conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, iarrfaidh an Chomhairle, sa tuairim uaithi, ar an mBallstát lena mbaineann a chlár a choigeartú.”.

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*“Airteagal 6*

1. Mar chuid den fhaireachas iltaobhach i gcomhréir le hAirteagal 121(3) CFAE, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gclár cobhsaíochta, ar bhonn faisnéise a chuirfidh na Ballstáit a ghlacann páirt ar fáil agus ar bhonn measúnuithe a dhéanfaidh an Coimisiún agus an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, go háirithe d’fhonn imeachtaí suntasacha sa riocht buiséadach, idir iarbhír agus dóchúil, ón gcuspóir buiséadach meántéarmach, nó ó chonair iomchuí an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin, a aithint.

2. I gcás ina bhfeictear diall suntasach ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh dá dtagraítear sa tríú fomhír d’Airteagal 5(1) den Rialachán seo, agus d’fhonn easnamh iomarcach a chosc, díreoidh an Coimisiún foláireamh chuig an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE.

Déanfaidh an Chomhairle, laistigh de mhí ón dáta a nglacfaidh an Coimisiún an foláireamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, scrúdú ar an gcás agus glacfaidh sí moladh maidir leis na bearta beartais is gá ar bhonn moladh ón gCoimisiún, bunaithe ar Airteagal 121(4) CFAE. Leagfar teorainn ama síos leis an moladh chun aghaidh a thabhairt ar an diall, ar teorainn ama í nach faide ná cúig mhí. Laghdófar an teorainn ama go trí mhí i gcás ina measfaidh an Coimisiún ina fholáireamh go dteastaíonn gníomhaíocht phráinneach de bharr a thromchúisí atá an cor. Poibleoidh an Chomhairle an moladh sin, ar thogra ón gCoimisiún.

Laistigh den teorainn ama a leagfaidh an Chomhairle síos sa mholadh faoi Airteagal 121(4) CFAE, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil chuig an gComhairle maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh sin.

I gcás ina mainníonn an Ballstát lena mbaineann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh laistigh den teorainn ama atá sonraithe i moladh ón gComhairle faoin dara fomhír, molfaidh an Coimisiún láithreach don Chomhairle go ndéanfadh sí cinneadh a ghlacadh, trí thromlach cáilithe, lena suífear nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach. Ag an tráth céanna, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí moladh leasaithe a ghlacadh faoi Airteagal 121(4) CFAE maidir leis na bearta beartais is gá.

Más rud é nach nglacann an Chomhairle an cinneadh ar an moladh ón gCoimisiú,n ar moladh é á rá nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach, agus má leanann an Ballstát lena mbaineann ar aghaidh lena mhainneachtain gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle, mí amháin tar éis an mholta roimhe sin, an cinneadh a ghlacadh lena suífear nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach. Measfar an cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle ach amháin má chinneann sí, trí thromlach simplí, an moladh a dhiúltú laistigh de dheich lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é. Ag an tráth céanna, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí moladh leasaithe a ghlacadh faoi Airteagal 121(4) CFAE maidir leis na bearta beartais is gá.

Agus an cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh dá dtagraítear sa cheathrú agus sa chúigiú fomhír á dhéanamh, ní vótálfaidh ach comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn do Bhallstáit a ghlacann páirt agus gníomhóidh an Chomhairle gan aird a thabhairt ar vóta an chomhalta ón gComhairle a ionadaíonn don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.

Cuirfidh an Chomhairle tuarascáil fhoirmiúil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir leis na cinntí a rinneadh dá réir sin.

3. Aon diall ón gcuspóir buiséadach meántéarmach nó ó chonair iomchuí an choigeartaithe ina threo, déanfar meastóireacht ar an diall sin ar bhonn measúnaithe fhoriomláin agus an comhardú struchtúrach ina thagairt, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim, mar a shainítear in Airteagal 5(1) iad.

Chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an diall suntasach é an diall, áireofar na critéir seo a leanas, go háirithe, sa mheasúnú:

(a) i gcás Ballstáit nach bhfuil an cuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe aige, nuair a bheidh an t-athrú ar an gcomhardú struchtúrach á mheasúnú, measfar an diall a bheith suntasach más 0,5 % d’OTI é i mbliain amháin ar a laghad nó más 0,25 % d’OTI é ar an meán in aghaidh na bliana in dhá bhliain as a chéile;

(b) agus forbairtí caiteachais atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim á measúnú, an bhfuil tionchar iomlán 0,5 % d’OTI ar a laghad in aon bhliain amháin nó 0,5 % d’OTI go carnach in dhá bhliain as a chéil, ag an diall ar an gcomhardú rialtais.

Ní mheasfar diall maidir leis na bhforbairtí caiteachais a bheith suntasach má chuaigh an Ballstát lena mbaineann thar an gcuspóir buiséadach meántéarmach, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh ioncam amhantrach suntasach a bheith ann, agus más rud é nach ndéanfaidh na pleananna buiséid atá leagtha síos sa chlár cobhsaíochta an cuspóir sin a chur i gcontúirt le linn thréimhse an chláir.

Ar an gcaoi chéanna, féadfar gan breithniú ar an diall nuair a eascraíonn sé as imeacht neamhghnách nach bhfuil neart ag an mBallstát lena mbaineann air, agus a bhfuil mórthionchar aige ar riocht airgeadais an rialtais ghinearálta, nó i gcás géarchoir chun donais eacnamaíoch don limistéar euro nó don Aontas ina iomláine, ar an gcoinníoll nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol leis sin sa mheántéarma.".

(10) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Cuirfidh gach Ballstát nach nglacann páirt an fhaisnéis is gá chun críche faireachais iltaobhaigh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún go tráthrialta faoi Airteagal 121 CFAE i bhfoirm cláir um chóineasú, ar clár é lena soláthraítear bonn sár-riachtanach d'inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chuideoidh le cobhsaíocht praghsanna, le fás láidir inbhuanaithe agus le cruthú fostaíochta.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a), phointe (b) agus phointe (c):

"(a) cuspóir buiséadach meántéarmach agus conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin maidir le comhardú ginearálta an rialtais ghinearálta mar chéatadán d'OTI, an pátrún a cheaptar a bheidh ag cóimheas fiachais an rialtais ghinearálta, an chonair fáis atá pleanáilte do chaiteachas an rialtais, lena n-áirítear an chionroinnt chomhfhreagrach d'ollfhoirmiú caipitil sheasta agus aird á tabhairt go háirithe ar na dálaí agus ar na critéir chun fás an chaiteachais a shuíomh faoi Airteagal 9(1), an chonair fáis atá pleanáilte don ioncam rialtais bunaithe ar bheartas neamhathraithe agus cainníochtú na mbeart lánroghnach ioncaim atá beartaithe, cuspóirí meántéarmacha an bheartais airgeadaíochta, an gaol atá ag na cuspóirí sin le cobhsaíocht praghsanna agus rátaí malairte agus le cóineasú marthanach a ghnóthú;

(aa) faisnéis faoi dhliteanais intuigthe a bhaineann le haosú, agus faoi dhliteanais theagmhasacha, amhail ráthaíochtaí poiblí, a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar chuntais an rialtais ghinearálta;

(ab) faisnéis faoi chomhchuibheas an chláir um chóineasú leis na mór-threoirlínte i ndáil leis an mbeartas eacnamaíoch agus leis an gclár athchóirithe náisiúnta;

(b) na príomhthoimhdí faoi fhorbairtí eacnamaíocha a thuartar agus athróga eacnamaíocha tábhachtacha atá ábhartha i dtaca leis an gclár um chóineasú a ghnóthú, amhail caiteachas infheistíochta rialtais, fás réadach OTI, fostaíocht agus boilsciú;

(c) measúnú cainníochtúil ar bhearta buiséadacha agus ar bhearta eile an bheartais eacnamaíoch atá á ndéanamh nó á mbeartú chun cuspóirí an chláir a ghnóthú, a mbeidh anailís chostais/sochair ag gabháil leis ar na mór-athchóirithe struchtúracha a bhfuil éifeachtaí buiséadacha acu atá dearfach, díreach agus fadtéarmach, méadú an fháis inbhuanaithe ionchasaigh san áireamh;";

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2a. Is ar an gcás macraifhioscach arb é is dóichí a tharlóidh nó ar chás níos stuama a bheidh an clár um chóineasú bunaithe. Déanfar comparáid idir na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha agus na réamhaisnéisí is cothroime le dáta ón gCoimisiún agus, más iomchuí, réamhaisnéisí de chuid comhlachtaí neamhspleácha eile. Aon difríochtaí suntasacha a bheidh idir an cás macraifhioscach a roghnaíodh agus an réamhaisnéis ón gCoimisiún, cuirfear síos orthu agus míneofar iad, go háirithe má tá difear suntasach idir an leibhéal nó an fás atá ag baint le toimhdí seachtracha agus na luachanna atá sna réamhaisnéisí ón gCoimisiún.

Déanfar cineál beacht na faisnéise sin a áirítear i bpointí (a), (aa), (b), (c) agus (d) de mhír 2 a leagan amach i gcreat comhchuibhithe a bhunóidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Is ar bhonn bliantúil a thabharfar an fhaisnéis faoi chonairí chomhardú agus fiachas an rialtais ghinearálta, faoi fhás chaiteachas an rialtais, faoin gconair fáis atá beartaithe d'ioncam an rialtais bunaithe ar bheartas neamhathraithe, faoi na bearta lánroghnacha atá beartaithe maidir le hioncam, agus iad á gcainníochtú go hiomchuí, agus na príomhthoimhdí eacnamaíocha dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) de mhír 2 agus cuimseofar léi an bhliain roimhe sin, an bhliain reatha agus na trí bliana ina dhiaidh sin ar a laghad.

4. Beidh faisnéis i ngach clár maidir lena stádas i gcomhthéacs na nósanna imeachta náisiúnta, go háirithe i dtaobh ar cuireadh an clár faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta, agus an raibh an deis ag an bparlaimint náisiúnta plé a dhéanamh ar an tuairim ón gComhairle faoin gclár a tháinig roimhe sin nó, más ábhartha, ar aon mholadh nó ar aon fholáireamh a tugadh, agus ar fhormheas an pharlaimint an clár.".

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*

1. Déanfar na cláir um chóineasú a thíolacadh gach bliain i mí Aibreáin, faoi lár mhí Aibreáin de rogha, agus tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán.

2. Déanfaidh na Ballstáit a gcláir um chóineasú a phoibliú.".

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

1. Ar bhonn measúnuithe a bheidh déanta ag an gCoimisiún agus ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, déanfaidh an Chomhairle faoi chuimsiú an fhaireachais iltaobhaigh faoi Airteagal 121 CFAE, na cuspóirí buiséadacha meántéarmacha a thíolacfaidh na Ballstáit lena mbaineann ina gcuid clár cobhsaíochta a scrúdú, déanfaidh sí measúnú i dtaobh an toimhdí sochreidte iad na toimhdí eacnamaíocha a bhfuil an clár bunaithe orthu, an conair iomchuí í conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus conair chomhfhreagrach chóimheas an fhiachais á cur san áireamh, agus an leordhóthanach iad na bearta atá á ndéanamh nó atá á mbeartú chun an chonair choigeartaithe sin a urramú d'fhonn an cuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú le linn na timthrialach agus cóineasú inbhuanaithe a ghnóthú.

Agus conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh á measúnú acu, cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún san áireamh an ndéantar iarracht níos déine coigeartaithe le linn tréimhsí an ratha eacnamaíoch agus iarracht is lú ná sin le linn tréimhsí an lag trá eacnamaíoch. Déanfar ioncam amhantrach agus gannchion ioncaim a chur san áireamh, go háirithe. I gcás Ballstát a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar leibhéal fiachais ar mó ná 60 % d'OTI é nó a bhfuil rioscaí suntasacha acu maidir le hinbhuanaitheacht a bhfiachais fhoriomláin, scrúdóidh an Chomhairle agus an Coimisiún cibé an airde é an feabhas bliantúil ar an gcomhardú buiséid atá coigeartaithe go timthriallach, agus é glan ó bhearta aonuaire agus ó bhearta sealadacha eile, ná 0,5 % d'OTI. I gcás Bhallstáit a ghlacann páirt in ERM2, scrúdóidh an Chomhairle agus an Coimisiún an bhfuil feabhas bliantúil iomchuí á shaothrú ag an mBallstát lena mbaineann ar a chomhardú buiséid atá coigeartaithe go timthriallach, agus é glan ó bhearta is de chineál aonuaire nó sealadach eile, rud atá riachtanach chun a chuspóir buiséadach meántéarmach a ghnóthú, a bhfuil tagarmharc 0,5 % d'OTI aige.

Maidir le dul chun cinn leordhóthanach i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, déanfar meastóireacht air sin ar bhonn measúnaithe fhoriomláin agus an comhardú struchtúrach ina thagairt, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim. Chuige sin, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún a mheasúnú i dtaobh an bhfuil conair fáis chaiteachas an rialtais, agus í á breithniú in éineacht le héifeacht na mbeart atá á ndéanamh nó á mbeartú ar thaobh an ioncaim, i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás Ballstát a bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe acu, nach sáróidh fás bliantúil an chaiteachais ráta tagartha meántéarmach fháis ionchasaigh OTI, ach amháin má mheaitseáiltear an sárú sin le bearta lánroghnacha ioncaim;

(b) i gcás Ballstát nach bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe acu fós, nach sáróidh fás bliantúil an chaiteachais ráta atá faoi bhun ráta tagartha meántéarmach fháis ionchasaigh OTI, ach amháin má mheaitseáiltear an sárú sin le bearta lánroghnacha ioncaim. Tá méid an easnaimh i ráta fáis chaiteachas an rialtais, i gcomparáid le ráta meántéarmach tagartha fháis ionchasaigh OTI, socraithe ar bhealach lena n-áiritheofar coigeartú iomchuí i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh;

(c) i gcás Ballstát nach bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe acu fós, go ndéantar laghduithe lánroghnacha ar ítimí ioncaim an rialtais a mheaitseáil le laghduithe ar chaiteachas nó le méaduithe lánroghnacha ar ítimí eile ioncaim de chuid an rialtais nó leis an dá cheann.

Eisiafar as an gcaiteachas comhiomlán caiteachas úis, caiteachas ar chláir de chuid an Aontais a mheaitseáiltear go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus athruithe neamh-lánroghnacha ar chaiteachas ar shochar dífhostaíochta.

Má sháraíonn fás an chaiteachais an tagairt mheántéarmach, ní mheasfar gur sárú ar an tagarmharc é an sárú sin a mhéid a dhéanfar an sárú sin a chúiteamh go hiomlán le méaduithe ar ioncam a bhfuil bunús dlí leo.

Cinnfear ráta meántéarmach tagartha fháis ionchasaigh OTI ar bhonn réamh-mheastacháin ar a bhfuil le teacht agus meastacháin ar ar tharla cheana. Déanfar na réamh-mheastacháin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Déanfaidh an Coimisiún an modh ríofa do na réamh-mheastacháin sin agus ráta meántéarmach tagartha fháis ionchasaigh OTI a thiocfaidh astu a phoibliú.

Agus conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh á sainiú acu do Bhallstáit nach bhfuil an cuspóir sin gnóthaithe acu fós, agus diall sealadach ón gcuspóir sin á cheadú acu do Bhallstáit a bhfuil an cuspóir sin gnóthaithe acu, ar an gcoinníoll go bhfágfar lamháil sábháilteachta iomchuí i leith luach tagartha an easnaimh, agus go dtuartar go bhfillfidh an riocht buiséadach ar an gcuspóir buiséadach meántéarmach laistigh de thréimhse an chláir, cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún cur chun feidhme mórathchóirithe struchtúracha san áireamh a bhfuil éifeachtaí buiséadacha acu atá dearfach, díreach agus fadtéarmach, méadú an fháis inbhuanaithe ionchasaigh san áireamh, agus a bhfuil, dá bhrí sin, tionchar infhíoraithe acu ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí.

Tabharfar aird speisialta ar athchóirithe pinsean lena dtugtar isteach córas ilcholúnach lena n-áirítear colún éigeantach lánmhaoinithe. Maidir leis na Ballstáit a chuirfidh athchóirithe mar sin chun feidhme, ceadófar dóibh imeacht ó chonair an choigeartaithe i dtreo a gcuspóir buiséadach meántéarmach nó imeacht ón gcuspóir féin, agus léireofar, leis an diall sin, méid thionchar díreach incriminteach an athchóirithe ar chomhardú an rialtais ghinearálta, ar an gcoinníoll go bhfágfar lámháil iomchuí sábháilteachta maidir le luach tagartha an easnaimh.

Ina theannta sin, scrúdóidh an Chomhairle agus an Coimisiún, an cheist i dtaobh an éascaítear le clár um chóineasú cóineasú marthanach agus réadachagus comhordú níos dlúithe ar na beartais eacnamaíocha a ghnóthú agus an bhfuil beartais eacnamaíocha an Bhallstáit lena mbaineann ag teacht le mórthreoirlínte beartais eacnamaíocha agus treoirlínte na mBallstát agus an Aontais don fhostaíocht. Lena chois sin, i gcás Bhallstáit aghlacann páirt in ERM2, scrúdóidh an Chomhairle an áirithítear, leis an gclár um chóineasú, rannpháirtíocht rianúil sa mheicníocht rátaí malairte.

Féadfar imeacht sealadach a cheadú ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh dá dtagraítear sa tríú fomhír, do Bhallstáit, i gcás imeachta neamhghnách nach bhfuil neart ag an mBallstát lena mbaineann air, a bhfuil mórthionchar aige ar riocht eacnamaíoch an rialtais ghinearálta nó i gcás géarchoir chun donais eacnamaíoch don limistéar euro nó don Aontas ina iomláine, ar an gcoinníoll nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol leis sin sa mheántéarma.

2. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún an clár um chóineasú a scrúdú laistigh de thrí mhí ar a mhéid ón dáta a dtíolactar é. Ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, déanfaidh an Chomhairle tuairim a ghlacadh faoin gclár, más gá sin. I gcás ina measfaidh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE, gur cheart cuspóirí agus inneachar an chláir a neartú go háirithe i dtaca le conair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, iarrfaidh an Chomhairle, sa tuairim uaithi, ar an mBallstát lena mbaineann a chlár a choigeartú.".

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

1. Mar chuid den fhaireachas iltaobhach i gcomhréir le hAirteagal 121(3) CFAE, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gclár um chóineasú, ar bhonn faisnéise a chuirfidh na Ballstáit a bhfuil maolú acu ar fáil agus ar bhonn measúnuithe a dhéanfaidh an Coimisiún agus an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, go háirithe d'fhonn imeachtaí suntasacha sa riocht buiséadach, idir iarbhír agus dóchúil, ón gcuspóir buiséadach meántéarmach nó ó chonair iomchuí an choigeartaithe i dtreo an chuspóra sin, a aithint.

Lena chois sin, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachán ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát nach nglacann páirt i bhfianaise chuspóirí an chláir um chóineasú d'fhonn a áirithiú go mbeidh a mbeartais ag feidhmiú i dtreo cobhsaíochta agus, ar an dóigh sin, go seachnófar mí-ailíniú ar na rátaí malairte iarbhír agus luaineachtaí iomarcacha ar na rátaí malairte ainmniúla.

2. I gcás ina bhfeictear diall suntasach ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 9(1) den Rialachán seo, agus chun easnamh iomarcach a chosc, díreoidh an Coimisiún foláireamh chuig an mBallstát lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE.

Déanfaidh an Chomhairle, laistigh de mhí ón dáta a nglacfaidh an Coimisiún an foláireamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, scrúdú ar an gcás agus glacfaidh sí moladh maidir leis na bearta beartais is gá ar bhonn moladh ón gCoimisiún, bunaithe ar Airteagal 121(4) CFAE. Leagfar teorainn ama síos leis an moladh, ar teorainn ama í nach faide ná cúig mhí, chun aghaidh a thabhairt ar an diall. Laghdófar an teorainn ama go trí mhí i gcás ina measfaidh an Coimisiún ina fholáireamh go dteastaíonn gníomhaíocht phráinneach de bharr a thromchúisí atá an cor. Poibleoidh an Chomhairle an moladh sin, ar thogra ón gCoimisiún.

Laistigh den teorainn ama a leagfaidh an Chomhairle síos sa mholadh faoi Airteagal 121(4) CFAE, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil chuig an gComhairle maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh sin.

I gcás ina mainneoidh an Ballstát lena mbaineann gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh laistigh den teorainn ama atá sonraithe i moladh ón gComhairle faoin dara fomhír, molfaidh an Coimisiún láithreach don Chomhairle cinneadh a ghlacadh, trí thromlach cáilithe. lena suífear nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach. Ag an tráth céanna, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle moladh leasaithe a ghlacadh faoi Airteagal 121(4) CFAE maidir leis na bearta beartais is gá.

Más rud é nach nglacann an Chomhairle an cinneadh ar an moladh ón gCoimisiún ar moladh é á rá nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach, agus má leanann an Ballstát lena mbaineann ar aghaidh lena mainneachtain gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, molfaidh an Coimisiún, mí amháin tar éis an mholta roimhe sin, an cinneadh a ghlacadh lena suífear nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach. Measfar an cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle ach amháin má chinneann sí, trí thromlach cáilithe, é a dhiúltú laistigh de dheich lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é. Ag an tráth céanna, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle moladh leasaithe a ghlacadh faoi Airteagal 121(4) maidir leis na bearta beartais is gá.

Agus an cinneadh sin maidir le neamhchomhlíonadh, dá dtagraítear sa cheathrú agus sa chúigiú fomhír á dhéanamh aici, gníomhóidh an Chomhairle gan vóta chomhalta na Comhairle a ionadaíonn don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.

Cuirfidh an Chomhairle tuarascáil fhoirmiúil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí, dá réir, maidir leis na cinntí a rinneadh dá réir sin.

3. Aon diall ón gcuspóir buiséadach meántéarmach nó ó chonair iomchuí an choigeartaithe ina threo, déanfar meastóireacht ar an diall sin ar bhonn measúnaithe fhoriomláin agus an comhardú struchtúrach ina thagairt, lena n-áirítear anailís ar chaiteachas atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim, mar a shainítear in Airteagal 9(1) iad.

Áireofar na critéir seo a leanas go háirithe sa mheasúnú a dhéanfar chun a fháil amach an diall suntasach é an diall:

(a) i gcás Ballstáit nach bhfuil an cuspóir buiséadach meántéarmach gnóthaithe aige, nuair a bheidh an t-athrú ar an gcomhardú struchtúrach á mheasúnú, an é atá sa diall 0,5 % d'OTI ar a laghad i mbliain amháin nó an 0,25 % d'OTI ar a laghad é ar an meán in aghaidh na bliana in dhá bhliain as a chéile;

(b) agus forbairtí caiteachais atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim á measúnú, an bhfuil tionchar iomlán 0,5 % d'OTI ar a laghad in aon bhliain áirithe nó 0,5 % d'OTI go carnach in dhá bhliain as a chéile, ag an diall ar an gcomhardú rialtais.

Ní mheasfar an diall maidir le forbairtí caiteachais a bheith suntasach má chuaigh an Ballstát lena mbaineann thar an gcuspóir buiséadach meántéarmach, agus amhantair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh, agus mura ndéanfar an cuspóir sin a chur i gcontúirt leis na pleananna buiséadacha a leagtar síos sa chlár um chóineasú le linn thréimhse an chláir.

Ar an gcaoi chéanna, féadfar gan breithniú a dhéanamh ar an diall nuair a eascraíonn sé as imeacht neamhghnách nach bhfuil neart ag an mBallstát lena mbaineann air, agus a bhfuil mórthionchar aige ar riocht airgeadais an rialtais ghinearálta nó i gcás ina mbeidh géarchor chun donais eacnamaíoch ann don limistéar euro nó don Aontas ina iomláine, ar an gcoinníoll nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol leis sin sa mheántéarma.".

(14) Cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

"ROINN 3A

**PRIONSABAL AN NEAMHSPLEÁCHAIS STAIDRIMH**

*Airteagal 10a*

D'fhonn a chinntiú go mbeidh an faireachas iltaobhach bunaithe ar staidreamh fónta agus neamhspleách, áiritheoidh na Ballstáit neamhspleáchas gairmiúil na n-údarás náisiúnta staidrimh, ar neamhspleáchas é a bheidh comhsheasmhach leis an gcód cleachtais do Staidreamh Eorpach mar a leagtar síos é i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach (*). Ceanglófar an méid seo a leanas ar a laghad leis sin:

(a) próisis earcaíochta agus dífhostaithe thrédhearcacha nach mór dóibh bheith bunaithe ar chritéir ghairmiúla agus orthu sin amháin;

(b) cionroinnt bhuiséadacha a chaithfear a dhéanamh ar bhonn bliantúil nó ilbhliantúil;

(c) an dáta a bhfoilseofar príomhfhaisnéis staidrimh nach mór a ainmniú tráth sách fada roimh ré.

(*) IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.".

(15) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal -11*

1. Áiritheoidh an Coimisiún idirphlé buan le húdaráis ábhartha na mBallstát i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo. Chun na críche sin, go háirithe cuirfidh an Coimisiún misin i gcrích d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an staid eacnamaíoch iarbhír sa Bhallstát agus d'fhonn aon riosca nó aon deacracht i dtaca le comhlíonadh chuspóirí an Rialacháin seo a aithint.

2. Féadfaidh an Coimisiún tabhairt faoi misin faireachais feabhsaithe i mBallstáit atá ina n-ábhar do mholtaí arna n-eisiúint faoi Airteagal 6(2) nó faoi Airteagal 10(2) chun críocha faireachán ar an láthair a dhéanamh. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an fhaisnéis go léir is gá ar fáil chun na misin sin a ullmhú agus a chur i gcrích.

3. Nuair is Ballstát a ghlacann páirt é an Ballstát lena mbaineann nó nuair is Ballstát é a ghlacann páirt in ERM2, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar ionadaithe de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh, más iomchuí, páirt a ghlacadh i misin faireachais.

4. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle maidir le toradh na misean dá dtagraítear i mír 2 agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a gcuid fionnachtana a phoibliú.

5. Le linn dó na misin dá dtagraítear i mír 2 a eagrú, cuirfidh an Coimisiún a thorthaí sealadacha chuig na Ballstáit lena mbaineann le haghaidh tráchtaí.".

(16) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal 12a*

1. Faoin 14 Nollaig 2014 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin, *inter alia* ar na nithe seo a leanas:

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo, go háirithe cibé an bhfuil sé cruthaithe go bhfuil na forálacha a rialaíonn cinnteoireacht sách urrúnta;

(b) an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le comhordú níos dlúithe beartas eacnamaíoch agus cóineasú marthanach fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh togra chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo, lena n-áirítear ar na nósanna imeachta cinnteoireachta, ag gabháil leis an tuarascáil sin.

3. Cuirfear an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.".

(17) Cuirfear tagairtí do "Airteagal 121 CFAE" in ionad na dtagairtí ar fad atá sa Rialachán do "Airteagal 99 den Chonradh".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
J. BUZEK

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
W. SZCZUKA

# RIALACHÁN (AE) Uimh. 1176/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Samhain 2011

## maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach [1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [3],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart comhordú ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát laistigh den Aontas a fhorbairt i gcomhthéacs na mór-threoirlínte beartais eacnamaíocha agus na dtreoirlínte fostaíochta mar a fhoráiltear dóibh sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus ba cheart go mbéarfadh an comhordú sin comhlíonadh na dtreoirphrionsabal arb iad praghsanna cobhsaí, airgeadas poiblí atá fónta agus inbhuanaithe agus dálaí airgeadaíochta atá fónta agus inbhuanaithe, agus comhardú inbhuanaithe íocaíochtaí.

(2) Is gá foghlaim ón gcéad deich mbliana d'fheidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus go háirithe tá gá le rialachas eacnamaíoch feabhsaithe san Aontas ar rialachas é atá bunaithe ar thiomantas náisiúnta níos láidre.

(3) Ba cheart a mheas gur cuid d'oibriú cuí agus rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta margadh inmheánach dinimiciúil a ghnóthú agus a choimeád ar bun.

(4) Ba cheart go mbeadh an creat um rialachas eacnamaíoch feabhsaithe bunaithe ar roinnt beartas d'fhás inbhuanaithe agus do phoist, ar beartais iad a bheadhidirnasctha agus comhleanúnach, go háirithe straitéis Aontais d'fhás agus do phoist, lena leagfaí béim ar leith ar an margadh inmheánach a fhorbairt agus a neartú, an trádáil idirnáisiúnta agus an t-iomaíochas a chothú, Seimeastar Eorpach chun comhordú neartaithe a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha agus buiséadacha (an Seimeastar Eorpach), creat éifeachtúil chun easnaimh rialtais iomarcacha a chosc agus a cheartú (An Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF)), creat urrúnta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, ceanglais íosta le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta, agus rialáil agus maoirseacht feabhsaithe ar an margadh airgeadais, lena n-áirítear maoirseacht macrastuamachta ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS).

(5) Ba cheart go n-áireofaí le neartú rialachais eacnamaíoch, rannpháirtíocht ní ba dhlúithe agus ní ba thráthúla ar thaobh Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta. Agus é á aithint aige gurb iad institiúidí ábhartha an Aontais agus a n-ionadaithe contrapháirtithe Pharlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an idirphlé, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint do Bhallstát is ábhar do mholadh nó do chinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 7(2), le hAirteagal 8(2) nó le hAirteagal 10(4) den Rialachán seo, a bheith rannpháirteach i malartú tuairimí. Is faoin mBallstát féin é a chinneadh i dtaobh an nglacfaidh sé páirt i malartú tuairimí den sórt sin nó nach nglacfaidh.

(6) Ba cheart ról níos láidre sa nós imeachta faireachais a bheith ag an gCoimisiún maidir le measúnuithe is sonrach do gach Ballstát faoi seach, faireachán, misin ar an láthair, moltaí agus foláirimh.

(7) Go háirithe, ba cheart an faireachas ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát a leathnú thar fhaireachas buiséadach chun creat níos mionsonraithe agus níos foirmiúla a áireamh ionas go ndéanfaí míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a chosc agus chun cabhrú leis na Ballstáit dá ndéantar difear pleananna ceartaitheacha a bhunú sula dtagann na dibhéirseachtaí chun bheith buanseasmhach. Ba cheart go dtarlódh leathnú den sórt sin maidir leis an bhfaireachas a dhéantar ar bheartais eacnamaíocha ar shlí atá comhthreomhar le doimhniú an fhaireachais fhioscaigh.

(8) Chun cuidiú le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha den sórt sin a cheartú, is gá nós imeachta mionsonraithe a leagan síos sa reachtaíocht.

(9) Is iomchuí an nós imeachta um faireachas iltaobhach dá dtagraítear in Airteagal 121(3) agus (4) den CFAE a fhorlíonadh le rialacha sonracha maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath, maraon le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha laistigh den Aontas a chosc agus a cheartú Tá sé sárriachtanach an nós imeachta sin a ailíniú le timthriail bhliantúil an fhaireachais iltaobhaigh.

[1] IO C 150, 20.5.2011, lch. 1.
[2] IO C 218, 23.7.2011, lch. 53.
[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2011.

(10) Ba cheart, sa nós imeachta sin, sásra foláirimh a bhunú chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ag teacht chun cinn a bhrath go luath. Ba cheart é a bheith bunaithe ar "scórchlár" táscach trédhearcach, a mbeadh tairseacha táscacha ann, i gcomhcheangal le breithiúnas eacnamaíoch. Ba cheart a chur san áireamh sa bhreithiúnas sin, *inter alia*, cóineasú ainmniúil agus cóineasú réadach laistigh den limistéar euro agus lasmuigh de.

(11) Chun feidhmiú go héifeachtach mar eilimint den sásra foláirimh, ní mór gurb éard a bheadh sa scórchlár ná tacar teoranta de tháscairí eacnamaíocha, airgeadais agus struchtúracha atá ábhartha maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath, mar aon le tairseacha táscacha a chomhfhreagraíonn dóibh. Ba cheart na táscairí agus na tairseacha a choigeartú nuair is gá chun iad a chur in oiriúint do chineál athraitheach na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, *inter alia* mar gheall ar bhagairtí don chobhsaíocht maicreacnamaíoch a bheadh ag éabhlóidiú agus mar gheall ar fháil fheabhsaithe a bheith ar staidrimh ábhartha. Níor cheart na táscairí a thuiscint mar spriocanna do bheartas eacnamaíoch ach mar uirlisí chun cineál éabhlóideach na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha laistigh den Aontas a chur san áireamh.

(12) Ba cheart don Choimisiún comhoibriú go dlúth leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa le linn dó an scórchlár agus an tacar de tháscairí maicreacnamaíocha agus macra-airgeadais i leith na mBallstát a tharraingt suas. Ba cheart don Choimisiún moltaí le haghaidh tráchtaí a chur faoi bhráid choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le pleananna chun na táscairí agus na tairseacha a bhunú agus a choigeartú. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le haon athruithe ar na táscairí agus na tairseacha agus ba cheart dó na cúiseanna a bhí aige le hathruithe den sórt sin a mholadh a mhíniú.

(13) Agus an scórchlár á fhorbairt, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh i dtaobh freastal ar imthosca eacnamaíocha ilchineálacha, lena n-áirítear éifeachtaí i ndáil le breith suas le cúrsaí.

(14) Ní gá go gciallódh sárú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na tairseacha táscacha go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag teacht chun cinn, óir ba cheart idirnaisc idir athróga maicreacnamaíocha a chur san áireamh agus beartais eacnamaíocha á gceapadh. Níor cheart teacht ar chonclúidí ar bhonn léimh uathoibrithigh ar an scórchlár: leis an mbreithiúnas eacnamaíoch, ba cheart a áirithiú go dtuigtear na píosaí faisnéise uile ina gceart, bíodh an fhaisnéis sin le fáil ón scórchlár nó ná bíodh, agus go go dtiocfaidh siad chun bheith mar chuid d'anailís chuimsitheach.

(15) Ar bhonn an nós imeachta um fhaireachas iltaobhach agus an tsásra foláirimh, nó i gcás forbairtí eacnamaíocha suntasacha gan choinne leo ar dá mbarr a bhfuil gá le hanailís phráinneach chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit atáchun bheith ina n-ábhar d'athbhreithniú grinn a shainaithint. Ba cheart an t-athbhreithniú grinn a dhéanamh gan an toimhde a bheith ann go bhfuil míchothromaíocht ann agus ba cheart anailís chríochnúil ar fhoinsí míchothromaíochtaí sa Bhallstát atá faoi athbhreithniú a chuimsiú san athbhreithniú sin, agus aird chuí á tabhairt ar dhálaí eacnamaíocha agus ar imthosca eacnamaíocha is sonrach do thír áirithe agus ar thacar níos leithne d'uirlisí anailíse, de tháscairí agus d'fhaisnéis cháilíochtúil, ar nithe iad de chineál is sonrach do thír áirithe. Le linn don Choimisiún an t-athbhreithniú grinn a dhéanamh, ba cheart don Bhallstát comhoibriú leis chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún chomh hiomlán agus chomh ceart agus is féidir. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún aon fhaisnéis eile a bhreithniú go cuí, ar faisnéis í atá ábhartha, de réir thuairim an Bhallstáit lena mbaineann, agus ar faisnéis í a chuir an Ballstát ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

(16) Ba cheart an t-athbhreithniú grinn a phlé i dtionól na Comhairle, agus i dtionól an Ghrúpa Euro i gcás na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Leis an athbhreithniú grinn, ba cheart go gcuirfí san áireamh, i gcás inarb iomchuí, moltaí nó iarrataí ón gComhairle arna ndíriú chuig na Ballstáit atá faoi athbhreithniú ar moltaí nó iarrataí iad arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121, le hAirteagal 126 agus le hAirteagal 148 CFAE agus faoi Airteagail 6, 7, 8 agus 10 den Rialachán seo, agus na beartais atá beartaithe ag an mBallstát atá faoi athbhreithniú, mar a léirítear ina chlár náisiúnta um athchóiriú iad, mar aon leis na cleachtais idirnáisiúnta is fearr i ndáil le táscairí agus modheolaíochtaí. Nuair a chinnfidh an Coimisiún tabhairt faoi athbhreithniú grinn i gcás forbairtí eacnamaíocha suntasacha atá ann, agus gan choinne leo, ar dá mbarr a bhfuil gá le hanailís phráinneach, ba cheart dó na Ballstáit lena mbaineann a chur ar an eolas faoi.

(17) Agus míchothromaíochtaí macra-eacnamaíocha á measúnú, ba cheart aird a thabhairt ar a dhéine atá siad agus ar a iarmhairtí diúltacha ionchasacha eacnamaíocha agus airgeadais lena gcuirtear le leochaileacht gheilleagar an Aontais agus atá ina mbagairt ar oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Tá gá le gníomhaíochtaí i ngach Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus ar dhibhéirseachtaí maidir le hiomaíochas, go háirithe sa limistéar euro. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht shuntasach, áfach, idir cineál, tábhacht agus práinn na ndúshlán beartais, ag brath ar na Ballstáit lena mbaineann. I bhfianaise na leochaileachta agus freisin ollmhéid an choigeartaithe atá riachtanach, tá gá ar leith le gníomhaíocht bheartais sna Ballstáit ina léirítear easnaimh mhóra cuntas reatha go buanseasmhach maraon le caillteanais mhóra iomaíochais. Thairis sin, sna Ballstáit a dhéanann barrachais móra a charnadh ó thaobh na gcuntas reatha de, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm sna beartais, bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme, ar bearta iad lena gcabhraítear a n-éileamh intíre agus a bpoiteainseal fáis a neartú.

(18) Ba cheart a chur san áireamh, freisin, acmhainn coigeartaithe eacnamaíoch agus teist an Bhallstáit lena mbaineann maidir le comhlíonadh moltaí a eisíodh roimhe sin faoin Rialachán seo agus comhlíonadh moltaí eile arna n-eisiúint faoi Airteagal 121 CFAE mar chuid den fhaireachas iltaobhach, go háirithe mórthreoirlínte beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais.

(19) Beidh uirlisí faireachais feabhsaithe, atá bunaithe ar na huirlisí sin a úsáidtear sa nós imeachta um fhaireachas iltaobhach, ag teastáil le haghaidh nós imeachta chun faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha díobhálacha agus chun iad a cheartú, ar nós imeachta é ina bhfuil codanna coisctheacha agus ceartaitheacha. D'fhéadfaí a áireamh leis an méid sin misin faireachais fheabhsaithe chuig Ballstáit arna ndéanamh ag an gCoimisiún i gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu nó do Bhallstáit a ghlac páirt i gComhaontú an 16 Márta 2006 idir an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát atá lasmuigh den limistéar euro, lena leagtar síos na nósanna imeachta oibriúchain le haghaidh meicníochta rátaí malairte i gcéim a trí den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadais ([1]) (MRM II), agus chomh maith leis sin d'fhéadfaí a áireamh leis tuairisciú breise ag Ballstáit i gcás míchothromaíochtaí tromaí, lena n-áirítear míchothromaíochtaí lena ndéantar oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chur i gcontúirt. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus do gheallsealbhóirí náisiúnta eile a bheith rannpháirteach san idirphlé, i gcás inarb iomchuí.

(20) Má shainaithnítear míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ba cheart moltaí, a mbeadh na coistí ábhartha rannpháirteach iontu i gcás inarb iomchuí, a chur faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann chun treoir a sholáthar maidir le freagairtí iomchuí ó thaobh beartais. Ba cheart go mbeadh freagairt bheartais an Bhallstáit lena mbaineann tráthúil agus ba cheart go mbainfí úsáid léi as gach ionstraim beartais atá ar fáil agus atá faoi rialú na n-údarás poiblí. I gcás inarb iomchuí, ba cheart go mbeadh geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach freisin i gcomhréir le forálacha CFAE agus le socruithe náisiúnta dlí agus le socruithe náisiúnta polaitiúla. Ba cheart an fhreagairt bheartais a shaincheapadh do thimpeallacht shonrach agus do imthosca sonracha an Bhallstáit lena mbaineann agus ba cheart príomhréimsí beartais eacnamaíoch a chumhdach léi, ar réimsí iad a bhféadfadh a bheith ar áireamh iontu réimsí amhail beartais fhioscacha agus beartais phá, margaí an tsaothair, margaí táirgí agus seirbhísí agus rialáil ar an earnáil airgeadais. Is gá aird a thabhairt ar na gealltanais a rinneadh faoi MRM II.

(21) Leis na foláirimh agus na moltaí ó BERS do Bhallstáit nó don Aontas, dírítear ar rioscaí de chineál macra-airgeadais. Ina theannta sin, ba cheart go dtabharfaí leo siúd údar maith le gníomhaíocht leantach iomchuí ón gCoimisiún i gcomhthéacs faireachas a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí i gcás inarb iomchuí. Ba cheart rúndacht agus neamhspleáchas BERS a urramú ar bhealach docht.

(22) Má shainaithnítear míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha tromaí, lena n-áirítear míchothromaíochtaí lena gcuirtear oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta i mbaol, ba cheart tús a chur le nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach, ar nós imeachta é ar bhféadfaí an méid seo a áireamh: moltaí a eisiúint don Bhallstát, ceanglais fheabhsaithe maidir le faireachas agus faireachán agus, i gcás Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, an fhéidearthacht go ndéanfaí forfheidhmiúchán i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú ([2]) i gcás mainneachtana marthanaí i leith gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh.

(23) Maidir le Ballstát is ábhar don nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach, ba cheart dó plean gníomhaíochta ceartaithí a bhunú ina leagfar amach mionsonraí a chuid beartas, ar beartais iad arna gceapadh chun moltaí na Comhairle a chur chun feidhme. Ba cheart amchlár cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe a bheith sa phlean gníomhaíochta ceartaithí. Ba cheart go dtacófaí leis an plean sin le moladh ón gComhairle. Ba cheart an moladh sin a chur chuig Parlaimint na hEorpa.

(24) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle chun cinntí aonair a ghlacadh lena suitear neamhchomhlíonadh na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle faoi chuimsiú an phlean gníomhaíochta ceartaithísin. Mar chuid den chomhordú ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát arna sheoladh i dtionól na Comhairle, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 121(1) CFAE, is bearta leantacha lárnacha iad na cinntí aonair sin i ndáil leis na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 121(4) CFAE i gcomhthéacs an phlean gníomhaíochta ceartaithí.

(25) Le linn don Chomhairle agus don Choimisiún an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart dóibh ról na bparlaimintí náisiúnta agus na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú go hiomlán, mar aon leis na difríochtaí i gcórais náisiúnta amhail na córais um shocrú pá a urramú.

(26) Má mheasann an Chomhairle nach ndéanann míchothromaíocht mhacraicneamaíoch iomarcach difear do Bhallstát a thuilleadh, ba cheart deireadh a chur leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha tar éis don Chomhairle a moltaí ábhartha a aisghairm, ar bhonn molta ón gCoimisiún. Bunófar an aisghairm sin ar anailís chuimsitheach arna déanamh ag an gCoimisiún lena léirítear gur ghníomhaigh an Ballstát i gcomhréir leis na moltaí ábhartha ón gComhairle agus lena léirítear nach ann a thuilleadh do na bunchúiseanna agus do na rioscaí gaolmhara a sainaithníodh sa mholadh ón gComhairle, ar moladh é lenar cuireadh tús leis an nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar fhorbairtí maicreacnamaíocha, ionchais mhaicreacnamaíocha agus éifeachtaí iarmharta maicreacnamaíocha. Ba cheart a phoibliú gur cuireadh deireadh leis an nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach.

([1]) IO C 73, 25.3.2006, lch. 21.

([2]) Féach leathanach 8 den Iris Oifigiúil seo.

(27) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspoír an Rialacháin seo, eadhon creat éifeachtach a bhunú chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath agus chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a chosc agus a cheartú a bhaint amach go leordhóthanach, mar gheall ar na hidirnaisc dhoimhne trádála agus airgeadais idir na Ballstáit agus iarmhairtí beartas eacnamaíoch náisiúnta ar an Aontas agus ar an limistéar euro ina iomláine, agus ós rud é gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar amach rialacha mionsonraithe chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath, chomh maith le rialacha chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a chosc agus a cheartú laistigh den Aontas.

2. Déanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh mar a leagtar amach é i Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú [1] (An Seimeastar Eorpach).

3. Le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar Airteagal 152 CFAE a urramú go hiomlán, agus, leis na moltaí a eiseofar faoin Rialachán seo, déanfar cleachtais náisiúnta agus institiúidí náisiúnta um shocrú pá a urramú. Tugtar aird leis an Rialachán seo ar Airteagal 28 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus dá réir sin, ní dhéanann sé difear don cheart comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidil, a thabhairt i gcrích nó a fhorfheidhmiú ná gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn "míchothromaíochtaí" aon treocht as a eascraíonn forbairtí maicreacnamaíocha lena ndéantar difear a bhelach díobhálach, nó lena bhféadfaí difear a dhéanamh ar bhealach díobhálach, d'oibriú rianúil geilleagair Bhallstáit, d'oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, nó d'oibriú rianúil an Aontais ina iomláine;

(2) ciallaíonn "míchothromaíochtaí iomarcacha" míchothromaíochtaí tromaí, lena n-áirítear míchothromaíochtaí lena ndéantar oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chur i gcontúirt nó a bhfuil seans ina leith go bhféadfaí é a chur i gcontúirt dá mbarr.

CAIBIDIL II

## MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ A BHRATH

*Airteagal 3*

### Sásra foláirimh

1. Bunófar sásra foláirimh chun go n-éascófar míchothromaíochtaí a shainaithint go luath agus faireachán a dhéanamh orthu go luath. Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ina bhfuil measúnú eacnamaíoch agus airgeadais cáilíochtúil atá bunaithe ar scórchlár ina bhfuil tacar táscairí a ndéantar a luachanna a chur i gcomparáid lena tairseacha táscacha, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 4. Déanfar an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear luachanna tháscairí an scórchláir a phoibliú.

2. Is éard a bheidh sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún measúnú eacnamaíoch agus airgeadais, rud a fhágann gur féidir gluaiseacht na dtáscairí a fheiceáil ina ceart, agus leas á bhaint as táscairí eacnamaíocha agus airgeadais ábhartha eile, más gá, agus éabhlóid na míchothromaíochtaí á measúnú. Ní thiocfar ar chonclúidí de dhroim léamh meicniúil a dhéanamh ar tháscairí an scórchláir. Cuirfear san áireamh leis an measúnú sin éabhlóid na míchothromaíochtaí san Aontas agus sa limistéar euro. Ina theannta sin, tabharfar le fios sa tuarascáil an gciallaíonn tairseacha a bheith sáraithe i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit go bhféadfadh sé go mbeadh míchothromaíochtaí ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht idir an measúnú a dhéantar ar na Ballstáit ina léirítear easnaimh mhóra sa chuntas reatha agus an measúnú a dhéantar ar na Ballstáit a bhfuil barrachas mór á charnadh sa chuntas reatha acu.

3. Sainaithneofar sa tuarascáil bhliantúil na Ballstáit a measann an Coimisiún go bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh dóibh nó go bhféadfadh sé go bhfuil an baol ann go ndéanfadh míchothromaíochtaí difear dóibh.

4. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil a chur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ar bhealach tráthúil.

5. Mar chuid den fhaireachas iltaobhach i gcomhréir le hAirteagal 121(3) CFAE, déanfaidh an Chomhairle an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún a phlé agus measúnú foriomlán a dhéanamh uirthi. Déanfaidh an Grúpa Euro an tuarascáil a phlé a mhéid a bhaineann sí le Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

*Airteagal 4*

### Scórchlár

1. Úsáidfear an scórchlár arb éard atá ar áireamh ann ná tacar tascáirí mar uirlis chun gur fusa míchothromaíochtaí a shainaithint go luath agus faireachán a dhéanamh orthu go luath.

[1] Féach leathanach 12 den Iris Oifigiúil seo.

2. Is éard a bheidh sa scórchlár líon beag táscairí maicreacnamaíocha agus maicreairgeadais do Bhallstáit atá ábhartha, praiticiúil, simplí, intomhaiste agus ar fáil. Leis an scórchlár, féadfar míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a shainaithint go luath, ar míchothromaíochtaí iad a thagann chun cinn sa ghearrthéarma agus, ina theannta sin, a eascraíonn mar gheall ar threochtaí struchtúracha agus fadtéarmacha.

3. Cuimseofar sa scórchlár, *inter alia*, táscairí a bheidh úsáideach chun na nithe seo a leanas a shainaithint go luath:

(a) míchothromaíochtaí inmheánacha, lena n-áirítear na míchothromaíochtaí sin ar féidir leo eascairt as féichiúnas poiblí agus príobháideach, agus as forbairtí margaidh airgeadais agus forbairtí margaidh sócmhainní lena n-áirítear tithíocht, éabhlóid an tsreafa creidmheasa san earnáil phríobháideach agus éabhlóid na dífhostaíochta;

(b) míchothromaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear na míchothromaíochtaí sin ar féidir leo eascairt as éabhlóid riochtaí chuntais reatha agus riochtaí glan-infheistíochta Ballstát, fíor-rátaí malairte éifeachtacha, scaireanna sa mhargadh onnmhairíochta agus athruithe ar fhorbairtí maidir le praghas agus le costas; agus iomaíochas neamh-phraghais, agus aird á tabhairt ar na comhchodanna éagsúla den táirgiúlacht.

4. Agus a léamh eacnamaíoch ar an scórchlár atá sa sásra folairimh á dhéanamh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar fhorbairtí sa gheilleagar réadach lena n-áirítear fás eacnamaíoch, an fheidhmíocht fostaíochta agus dífhostaíochta, cóineasú ainmniúil agus cóineasú réadach laistigh agus lasmuigh den limistéar euro, forbairtí táirgiúlachta agus na nithe lena gcuirtear an táirgiúlacht chun cinn amhail taighde agus forbairt agus infheistíocht eachtrach agus intíre, chomh maith le forbairtí earnálacha, lena n-áirítear fuinneamh, ar nithe iad lena ndéantar difear d'OTI agus d'fheidhmíocht cuntais reatha.

Áireofar sa scórchlár freisin tairseacha táscacha le haghaidh na dtáscairí, chun feidhmiú mar leibhéil foláirimh. Le rogha na dtáscairí agus na dtairseach, cabhrófar le hiomaíochas a chur chun cinn san Aontas.

Beidh tairseacha foláirimh uasta agus tairseacha foláirimh íosta i scórchlár na dtáscairí freisin, mura mbeidh sé sin míchuí, ar tairseacha iad a dhéanfar a dhifreáil do Bhallstáit atá sa limistéar euro agus do Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro más rud é go bhfuil údar maith leis sin de bharr gnéithe sonracha den aontas airgeadaíochta agus imthosca eacnamaíocha ábhartha. Agus an scórchlár á fhorbairt, ba cheart machnamh cuí a dhéanamh i dtaobh freastal ar imthosca eacnamaíocha ilchineálacha, lena n-áirítear éifeachtaí i ndáil le breith suas le cúrsaí.

5. Déanfar obair BERS a bhreithniú mar is cuí agus táscairí á dtarraingt suas atá ábhartha maidir le cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais. Iarrfaidh an Coimisiún ar BERS a thuairimí a thabhairt i leith dréacht-tháscairí, is dréacht-tháscairí atá ábhartha maidir le cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais.

6. Déanfaidh an Coimisiún an tacar táscairí agus na tairseacha atá sa scórchlár a phoibliú.

7. Déanfaidh an Coimisiún oiriúnacht an scórchláir, lena n-áirítear comhdhéanamh na dtáscairí, na tairseacha a leagtar síos agus an mhodheolaíocht a úsáidtear, a mheasúnú go tráthrialta agus déanfaidh sé iad a choigeartú nó a mhodhnú i gcás inar gá. Déanfaidh an Coimisiún aon athrú ar bhun-mhodheolaíocht agus ar chomhdhéanamh an scórchláir agus ar na tairseacha a bhaineann leis a phoibliú.

8. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn bliantúil ar a laghad, na luachanna i gcomhair na dtáscairí ar an scórchlar a nuashonrú.

*Airteagal 5*

**Athbhreithniú grinn a dhéanamh**

1. Agus na pléití i dtionól na Comhairle agus i dtionól an Ghrúpa Euro, dá bhforáiltear in Airteagal 3(5), á chur san áireamh go cuí aige, nó i gcás forbairtí eacnamaíocha suntasacha gan choinne leo ar gá anailís phráinneach a dhéanamh dá mbarr chun críocha an Rialacháin seo, tabharfaidh an Coimisiún faoi athbhreithniú grinn ar gach Ballstát ar ina leith a measann sé go bhféadfaí difear a dhéanamh dó le míchothromaíochtaí nó go bhféadfadh sé go bhfuil an baol ann go ndéanfaí difear dó le míchothromaíochtaí.

Cuirfidh an t-athbhreithniú grinn le hanailís mhionsonraithe ar imthosca is sonrach do thír áirithe, lena n-áirítear riochtaí tosaigh éagsúla na mBallstát; déanfar san athbhreithniú sin réimse leathan d'athróga eacnamaíocha a scrúdú agus beidh sé i gceist leis uirlisí anailíse agus faisnéis cháilíochtúil is sonrach do thír áirithe a úsáid. Tabharfar aitheantas ann do na sainiúlachtaí náisiúnta atá ann i ndáil leis an gcaidreamh tionsclaíoch agus leis an idirphlé sóisialta.

Déanfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis eile a bhreithniú go cuí freisin, ar faisnéis í a mheasann an Ballstát lena mbaineann gur faisnéis í atá ábhartha agus ar faisnéis í a chuir an Ballstát in iúl don Choimisiún.

Tabharfaidh an Coimisiún faoina athbhreithniú grinn i gcomhcheangal le misin faireachais chuig an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 13.

2. Áireofar in athbhreithniú grinn an Choimisiúin meastóireacht i dtaobh an ndéantar difear le míchothromaíochtaí don Bhallstát lena mbaineann, agus i dtaobh an míchothromaíochtaí iomarcacha iad na míchothromaíochtaí sin. Déanfaidh sé tionscnamh na míchothromaíochtaí arna mbrath a scrúdú, i bhfianaise pé imthosca eacnamaíocha a bheidh ann ag an am, lena n-áirítear an t-idirnascadh domhain trádála agus airgeadais idir Ballstáit agus éifeachtaí iarmhartacha beartas eacnamaíoch náisiúnta. Leis an athbhreithniú grinn, déanfar anailís ar fhorbairtí ábhartha a bhaineann le straitéis an Aontais le haghaidh fáis agus post. Measfar ann freisin a ábhartha atá forbairtí eacnamaíocha san Aontais agus sa limistéar euro ina iomláine. Tabharfar aird leis ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) i gcás inarb iomchuí, moltaí nó iarrataí ón gComhairle atá dírithe chuig Ballstáit atá faoi athbhreithniú arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121, le hAirteagal 126 agus le hAirteagal 148 CFAE agus faoi Airteagail 6, 7, 8 agus 10 den Rialachán seo;

(b) na beartais atá beartaithe ag an mBallstát atá faoi athbhreithniú, mar a léirítear iad ina chláir náisiúnta um athchóiriú agus, i gcás inarb iomchuí, ina chlár cobhsaíochta nó ina chlár um chóineasú;

(c) aon fholáirimh nó aon mholtaí ó BERS maidir le rioscaí sistéameacha arna ndíriú chuig an mBallstát atá faoi athbhreithniú nó is ábhartha dó. Urramófar rúndacht BERS.

3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi thorthaí an athbhreithnithe ghrinn agus déanfaidh sé iad a phoibliú.

*Airteagal 6*

**Gníomhaíocht choisctheach**

1. Más rud é, ar bhonn an athbhreithnithe ghrinn dá dtagraítear in Airteagal 5, go measann an Coimisiún go bhfuil Ballstát áirithe faoi réir míchothomraíochtaí, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Grúpa Euro ar an eolas dá réir. Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, na moltaí is gá a chur faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 121(2) CFAE.

2. Cuirfidh an Chomhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin moladh agus déanfaidh sé é a phoibliú.

3. Leis na moltaí ón gComhairle agus ón gCoimisiún, déanfar Airteagal 152 CFAE a urramú go hiomlán, agus tabharfar aird ar Airteagal 28 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar a moladh gach bliain i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus féadfaidh sí é a choigeartú, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le mír 1.

CAIBIDIL III

**AN NÓS IMEACHTA UM MÍCHOTHROMAÍOCHT IOMARCACH**

*Airteagal 7*

**Tús a chur leis an nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach**

1. Más rud é, ar bhonn an athbhreithnithe ghrinn dá dtagraítear in Airteagal 5, go measann an Coimisiún go bhfuil difear á dhéanamh le míchothomraíochtaí iomarcacha don Bhallstát lena mbaineann, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Grúpa Euro ar an eolas dá réir.

Cuirfidh an Coimisiún na hÚdaráis Eorpacha Maoirseachta ábhartha agus BERS ar an eolas freisin. Iarrtar ar BERS na bearta a dhéanamh a mheasann sé is gá.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE lena suitear gurb ann do míchothromaíocht iomarcach agus lena moltar don Bhallstát lena mbaineann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh.

Leis an moladh ón gComhairle, leagfar amach cineál agus impleachtaí na míchothromaíochtaí agus sonrófar ann tacar moltaí beartais atá le comhlíonadh agus spriocdháta faoina gcaithfidh an Ballstát lena mbaineann plean gníomhaíochta ceartaithí a thíolacadh. Féadfaidh an Chomhairle, faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 121(4) CFAE, a moladh a phoibliú.

*Airteagal 8*

**Plean gníomhaíochta ceartaithí**

1. Maidir le haon Bhallstát a gcuirtear tús le nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach ina leith, cuirfidh sé plean gníomhaíochta ceartaithí faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, ar plean é a bheidh bunaithe ar an moladh ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus déanfaidh sé an méid sin sin laistigh de spriocdháta a bheidh le sainiú sa mholadh sin. Leagfar amach sa phlean gníomhaíochta ceartaithí na gníomhaíochtaí beartais sonracha atá curtha chun feidhme ag an mBallstát lena mbaineann nó a bhfuil beartaithe aige a chur chun feidhme agus áireofar amchlár cur chun feidhme i leith na ngníomhaíochtaí sin ann freisin. Déanfar leis an bplean gníomhaíochta ceartaithí tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na ngníomhaíochtaí beartais a chur san áireamh agus beidh an plean comhchuí leis na mór- threoirlínte beartais eacnamaíocha agus leis na treoirlínte don fhostaíocht.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, measúnú ar an bplean ceartaitheach laistigh de dhá mhí tar éis an plean sin a thíolacadh. Más rud é, ar bhonn moladh ón gCoimisiún, go measann an Chomhairle go bhfuil an plean sin leordhóthanach, tacóidh sí leis„ trí bhíthin molta lena liostaítear na gníomhaíochtaí sonracha a cheanglaítear a dhéanamh agus na spriocdhátaí faoina dhéanfar iad agus bunóidh sí amchlár le haghaidh faireachais, agus aird chuí á tabhairt aici ar na bealaí tarchuir agus á aithint go bhféadfadh sé go mbeadh moilleanna fada idir glacadh na gníomhaíochta ceartaithí agus tráth réitithe iarbhír na míchothromaíochtaí.

3. Má mheasann an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, nach bhfuil na gníomhaíochtaí nó an t-amchlár atá beartaithe sa phlean gníomhaíochta ceartaithí leordhóthanach, déanfaidh an Chomhairle moladh, laistigh de dhá mhí, go hiondúil, is moladh a chuirfear faoi bhráid an Bhallstáit, a ghlacadh go ndéanfaí plean gníomhaíochta ceartaithí nua a thíolacadh. Is i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo a scrúdóidh an Chomhairle an plean gníomhaíochta ceartaithí nua.

4. Déanfar an plean gníomhaíochta ceartaithí, an tuarascáil ón gCoimisiún agus an moladh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a phoibliú.

*Airteagal 9*

**Faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht cheartaitheach**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an mholta ón gComhairle arna ghlacadh faoi Airteagal 8(2). Chun na críche sin, déanfaidh an Ballstát tuarascálacha maidir le dul chun cinn a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún go tráthrialta, ar tuarascálacha iad a ndéanfaidh an Chomhairle a minice a dhéanfar iad a chinneadh sa mholadh dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

2. Déanfaidh an Chomhairle tuarascálacha na mBallstát ar dhul chun cinn a phoibliú.

3. Féadfaidh an Coimisiún misin faireachais fheabhsaithe a chur i gcrích sa Bhallstát lena mbaineann chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta ceartaithí, i gcomhar le BCE, i gcás ina mbaineann na misin sin le Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu nó le Ballstáit a ghlacann páirt in ERM II. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí náisiúnta eile rannpháirteach in idirphlé le linn na misean sin.

4. I gcás mórathruithe ábhartha ar imthosca eacnamaíocha, féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, na moltaí arna nglacadh faoi Airteagal 8(2) i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal sin a leasú. I gcás inarb iomchuí, iarrfaidh an Chomhairle ar an mBallstát lena mbaineann plean gníomhaíochta ceartaithí athbhreithnithe a thíolacadh agus déanfaidh sí measúnú ar an bplean ceartaitheach athbhreithnithe sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 8.

*Airteagal 10*

**Measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht cheartaitheach**

1. Ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, déanfaidh an Chomhairle measúnú i dtaobh an ndearna an Ballstát lena mbaineann an ghníomhaíocht cheartaitheach a moladh i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle arna eisiúint faoi Airteagal 8(2).

2. Déanfaidh an Coimisiún a tuarascáil a phoibliú.

3. Déanfaidh an Chomhairle a measúnú faoin spriocdháta a leagfaidh an Chomhairle síos ina cuid moltaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 8(2).

4. I gcás ina measann an Chomhairle nach ndearna an Ballstát an ghníomhaíocht cheartaitheach a moladh, glacfaidh sí cinneadh, ar mholadh ón gCoimisiún, lena suífear neamhchomhlíonadh, maraon le moladh lena socrófar spriocdhátaí nua chun gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Sa chás sin, cuirfidh an Comhairle an Chomhairle Eorpach ar an eolas, agus déanfaidh sí conclúidí na misean faireachais dá dtagraítear in Airteagal 9(3) a phoibliú.

Measfar gur ghlac an Chomhairle an moladh ón gCoimisiún lena suitear neamhchomhlíonadh, mura gcinnfidh sí, trí thromlach cáilithe, diúltú don mholadh laistigh de dheich lá ó thráth a ghlactha ag an gCoimisiún. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh go gcomórfaí cruinniú den Chomhairle laistigh den tréimhse sin chun go nglacfaí vóta ar an gcinneadh.

5. I gcás ina measann an Chomhairle, ar bhonn na tuarascála ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1, go ndearna an Ballstát an ghníomhaíocht cheartaitheach a moladh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), measfar go mbeidh an nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach ag feidhmiú mar is ceart agus cuirfear ar stad é. Os a choinne sin, leanfar de bheith ag déanamh faireacháin i gcomhréir leis an amchlár arna leagan amach sa mholadh faoi Airteagal 8(2). Déanfaidh an Chomhairle na cúiseanna ar dá réir a chinn sí an nós imeachta a chur ar stad a phoibliú agus na gníomhaíochtaí beartais ceartaithí a rinne an Ballstát lena mbaineann á n-aithint aici.

*Airteagal 11*

**Deireadh a chur leis an nós imeachta um míchothromaíocht iomarcach**

Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moltaí arna n-eisiúint faoi Airteagal 7, Airteagal 8 nó Airteagal 10 a aisghairm a luaithe a mheasfaidh sí nach bhfuil difear á dhéanamh don Bhallstát lena mbaineann a thuilleadh le míchothromaíochtaí iomarcacha mar a leagtar amach sa mholadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Déanfaidh an Chomhairle ráiteas poiblí ina léireofar an méid sin.

*Airteagal 12*

**Vótáil i dtionól na Comhairle**

I gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 7 go hAirteagal 11, gníomhóidh an Chomhairle gan vóta chomhalta na Comhairle a ionadaíonn don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.

CAIBIDIL IV

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 13*

**Misin faireachais**

1. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh idirphlé buan ann le húdaráis na mBallstát, i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún, go háirithe, misin i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar an staid eacnamaíoch reatha sa Bhallstát agus chun aon rioscaí nó aon deacrachtaí a bheidh ann a shainaithint i ndáil le cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

2. Chun críocha faireachán ar an láthair a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún tabhairt faoi mhisin faireachais fheabhsaithe i gcás Ballstát ar ina leith a bhfuil moladh ann maidir leis an ábhar go bhfuil míchothromaíocht iomarcach ann faoi Airteagal 7(2).

3. I gcás inar Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige é an Ballstát lena mbaineann nó i gcás inar Ballstát a ghlacann páirt in ERM II é an Ballstát sin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh, más iomchuí, ar ionadaithe de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh páirt a ghlacadh i misin faireachais.

4. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle ar thorthaí na misean dá dtagraítear i mír 2 agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh chun na torthaí a phoibliú.

5. Le linn don Choimisiún na misin dá dtagraítear i mír 2 a eagrú, déanfaidh sé a chuid torthaí sealadacha a tharchur chuig an mBallstát lena mbaineann le haghaidh tráchtaí.

*Airteagal 14*

**An tIdirphlé Eacnamaíoch**

1. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro láithriú os comhair an choiste chun plé a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis arna cur ar fáil ag an gComhairle maidir leis na mór-threoirlínte beartais eacnamaíocha de bhun Airteagal 121(2) CFAE;

(b) mór-threoir do Bhallstáit arna heisiúint ag an gCoimisiún ag tús na timthrialach faireachais bliantúil;

(c) na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le treoshuímh le haghaidh beartas eacnamaíoch i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh;

(d) torthaí an fhaireachais iltaobhaigh arna dhéanamh faoin Rialachán seo;

(e) na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis na treoshuímh le haghaidh an fhaireachais iltaobhaigh, agus maidir le torthaí an fhaireachais sin;

(f) athbhreithniú arna dhéanamh ag deireadh an tSeimeastair Eorpaigh ar an dóigh inar seoladh an faireachas iltaobhach;

(g) na moltaí arna nglacadh de bhun Airteagal 7(2), Airteagal 8(2) agus Airteagal 10(4) den Rialachán seo.

2. Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thairiscint do Bhallstát is ábhar do mholadh nó do chinneadh ón gComhairle páirt a ghlacadh i malartú tuairimí faoi Airteagal 7(2), Airteagal 8(2) nó Airteagal 10(4).

3. Cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta maidir le torthaí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 15*

**Tuaraisciú Bliantúil**

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar bhonn bhliantúil i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear nuashonrú arna déanamh ar an scórchlár mar atá leagtha amach in Airteagal 4 agus déanfaidh sé a fhionnachtana a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

*Airteagal 16*

**Athbhreithniú**

1. Faoin 14 Nollaig 2014, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a athbhreithniú agus déanfaidh sé tuarascáil ina leith.

Déanfar meastóireacht leis na tuarascálacha sin, *inter alia* ar na nithe seo a leanas:

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo;

(b) an dul chun cinn chun comhordú níos dlúithe ar bheartas eacnamaíocha na mBallstát agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra maidir le leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis na tuarascálacha sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá i ndiaidh lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
J. BUZEK

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
W. SZCZUKA

## COSTAS SÍNTIÚIS 2011 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 100 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 770 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 300 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heágrain Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

## Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA